



An Bhruiséil, 19 Feabhra 2026  
(OR. en)

6516/26

TRANS 86

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Feabhra 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Tuarascáil ar chur chun feidhme chreat beartais an Aontais um shábháilteacht ar bhóithre ag an lárphointe

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 77 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 77 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséal, 13.2.2026  
COM(2026) 77 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,  
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA  
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Tuarascáil ar chur chun feidhme chreat beartais an Aontais um shábháilteacht ar  
bhóithre ag an lárphointe**

{SWD(2026) 33 final} - {SWD(2026) 34 final} - {SWD(2026) 35 final} -  
{SWD(2026) 36 final} - {SWD(2026) 37 final} - {SWD(2026) 38 final} -  
{SWD(2026) 39 final} - {SWD(2026) 40 final} - {SWD(2026) 41 final} -  
{SWD(2026) 42 final} - {SWD(2026) 43 final} - {SWD(2026) 44 final} -  
{SWD(2026) 45 final} - {SWD(2026) 46 final} - {SWD(2026) 47 final} -  
{SWD(2026) 48 final} - {SWD(2026) 49 final} - {SWD(2026) 50 final} -  
{SWD(2026) 51 final} - {SWD(2026) 52 final} - {SWD(2026) 53 final} -  
{SWD(2026) 54 final} - {SWD(2026) 55 final} - {SWD(2026) 56 final} -  
{SWD(2026) 57 final} - {SWD(2026) 58 final} - {SWD(2026) 59 final}

## 1. RÉAMHRÁ

Gach bliain, faigheann beagnach 20 000 duine bás ar bhóithre an Aontais - uafás tubaisteach nach staitistic amháin atá i gceist leis, ach fírinne shearbh a dhéanann teaghlaigh a stróiceadh óna chéile, a fhágann pobail faoi mhéala agus a dhéanann acmhainneacht dhaonna nach féidir a thomhas a chur amú go deo. Baineann gortuithe do suas le cúig oiread daoine - 100 000 duine - ar na bóithre, gortuithe a athraíonn a saol ó bhonn. Is minic a bhíonn míchumas buan, pian ainsealach agus slite beatha cailte mar thoradh ar na gortuithe sin a athraíonn an saol; bíonn tionchar mór acu ar an gcáilíocht saoil a théann ar mó i bhfad é ná na híospartaigh láithreacha do na teaghlaigh, na cúramóirí agus do líonraí sóisialta níos leithne.

Ba é costas daonna imbhuailtí bóthair an ghné ba fheiceálaí agus ba thragóidí. Ach tá ualach eacnamaíoch ag baint le tuairteanna bóthair freisin; i dtéarmaí airgeadaíochta, meastar gurb é 2 % de OTI in aghaidh na bliana an costas a bhaineann le tuairteanna bóthair san Aontas<sup>1</sup>. Murach sin, d'fhéadfadh na hacmhainní sin cur leis an nuálaíocht, leis an oideachas, leis an gcúram sláinte agus le hinfheistíochtaí poiblí ríthábhachtacha eile. Ba cheart an tsábháilteacht ar bhóithre a bheith ina colún d'iomáiochas eacnamaíoch an Aontais toisc go mbíonn tionchar díreach aici ar ghluaiseacht éifeachtúil earraí agus saothair agus ar chostais oibríochtúla gnólachtaí ar fud na n-earnálacha uile.

Tá aistriú chuig soghluaisteacht níos sábháilte agus níos inbhuanaithe ríthábhachtach freisin chun ceannaireacht thionsclaíoch agus iomaíochas an Aontais a choinneáil ar bun sna margaí domhanda<sup>2</sup>. Tá monaróirí gluaisteán na hEorpa agus a líonraí soláthraithe ar thús cadhnaíochta maidir le hardteicneolaíochtaí sábháilteachta a fhorbairt, ó chórais coscánaithe éigeandála uathrialaitheacha go nascacht feithiclí, rud a fhágann go bhfuil an tAontas ina cheannaire domhanda i nuálaíocht sábháilteachta mótarfeithiclí. Ní hamháin go sábhálann gealltanais maidir le sábháilteacht ar bhóithre beatha daoine ach spreagann siad dul chun cinn teicneolaíoch freisin, cruthaíonn siad fostaíocht ardoilte, agus coinníonn siad buntáiste iomaíoch an Aontais i margadh domhanda na ngluaisteán atá ag athrú go tapa. Rannchuidíonn infheistíochtaí sa tsábháilteacht ar bhóithre freisin le hullmhacht agus athléimneacht an Aontais trí leanúnachas agus iontaofacht an bhonneagair chriticiúil bóithre agus na seirbhísí gaolmhara a chosaint, go háirithe i gcás ina dtacaíonn conairí bóthair agus nóid le riachtanais shibhialtacha agus chosanta araon.

Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta go daingean don tsábháilteacht ar bhóithre. Ar leibhéal an Aontais, léiríodh é sin - le déanaí - i gCreat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030<sup>3</sup>, inar athdhearbhaíodh na spriocanna comhroinnte

<sup>1</sup> Lámhleabhar CE maidir le costais sheachtracha an iompair 2019 (leagan nua le teacht).

<sup>2</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluaisteán Eorpach, COM/2025/95 final an 5 Márta 2025, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex:52025DC0095>.

<sup>3</sup> COM (2018) 293: Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - An Eoraip ag Gluaiseacht - Inbhuanaitheacht don Eoraip: *Safe, Connected and Clean* [Sábháilte, Nasctha agus Glan], Iarscríbhinn I Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - An Eoraip ag Gluaiseacht - Inbhuanaitheacht don Eoraip: *Safe, Connected and Clean* [Sábháilte, Nasctha agus Glan], Iarscríbhinn I, COM(2018)293 an 17 Bealtaine 2018, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:52018DC0293>.

chun básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar na bóithre a laghdú faoina leath faoi 2030<sup>4</sup> agus ‘Fís Nialais’ a bhaint amach — chun deireadh a chur le básanna ar na bóithre faoi 2050. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, tá straitéisí náisiúnta, pleananna gníomhaíochta agus léirithe eile gealltanais amhail comhaontuithe idir-aireachta agus struchtúir chomhair fheidarálacha glactha agus curtha chun feidhme ag na Ballstáit.

Lean Creat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 príomhréimsí tosaíochta chur chuige an Chórais Shábháilte, lena n-áirítear bóithre agus cois bóthair níos sábháilte, feithiclí níos sábháilte, úsáid bóithre níos sábháilte, freagairt iarthuairte níos fearr, agus bailiú agus anailís sonraí níos fearr. Leagadh béim ar a ríthábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na príomhthosca riosca – tiomáint róghasta, tiomáint faoi thionchar an óil, seachmall, agus mainneachtain trealamh cosanta a úsáid – agus aird ar leith á thabhairt ag an am céanna ar úsáideoirí soghonta bóithre amhail coisithe, rothaithe agus gluaisrothaithe.

Is tuarascáil mheántearma í an teachtaireacht seo maidir leis an dul chun cinn i dtreo cuspóirí an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre a bhaint amach, ina ndéantar breithniú ar fhorbairtí ó bhí 2019 ann, ina sainithnítear dúshlán atá ag teacht chun cinn nach raibh coinne iomlán leo leis an gcreat bunaidh agus ina moltar coigeartuithe chun a áirithiú go leanfaidh an tAontas de bheith ar an mbóthar ceart chun a chuspóirí do 2030 a bhaint amach. Léirítear san anailís a rinneadh go bhfuil dul chun cinn spreagúil á dhéanamh i réimsí áirithe ach léirítear inti freisin go bhfuil roinnt bearnaí suntasacha ann ar gá aird láithreach a thabhairt orthu agus gníomhaíocht threisithe a dhéanamh ina leith chun beatha daoine a shábháil, chun an t-ualach eacnamaíoch a laghdú, agus chun iomaíochas an Aontais a neartú.


### **1.1. DUL CHUN CINN I DTREO SPRIOCANNA SÁBHÁILTEACHTA AR BHÓITHRE A BHAINTE AMACH**

Léiríonn na sonraí is déanaí gur maraíodh 19 900 duine i dtuairteanna bóthair san Aontas in 2024. Is ionann sin agus 440 níos lú daoine a bhásaigh ná mar a bhásaigh in 2023 - is é sin laghdú 2 %<sup>5</sup>. I bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar líon na bhfeithiclí in aghaidh an duine agus ar líon na gciliméadar a thiomáintear, is mór an t-éacht é sin ach cuireann sé i dtábhacht freisin an gá atá le hiarrachtaí leanúnacha ar gach leibhéal.


---

<sup>4</sup> Cinneadh ó shin gurb í 2019 an bhliain bhonnline, óna dtomhaistear dul chun cinn.

<sup>5</sup> Cé gur dul chun cinn é sin, tá an chonair fhoriomlán i bhfad níos lú ná an laghdú bliantúil 4.6 % is gá chun sprioc 2030 a bhaint amach maidir le básanna ar bhóithre a laghdú faoina leath.



*Fíor 1 Treochtaí i líon na mbásanna agus na milliún gluaisteán paisinéirí san Aontas 2010-2023. Foinsí: Bunachar sonraí Straitéis Cúraim AE maidir le tuairteanna bóthair; le haghaidh sonraí maidir le gluaisteáin paisinéirí, Eurostat (cód sonraí ar líne [road\\_eqs\\_carage](#))*





*Fíor 2 Treochtaí i líon na mbásanna agus sna billiúin ciliméadar gluaisteán paisinéirí a tiomáineadh san Aontas 2010-2023. Foinsí: Bunachar sonraí Straitéis Cúraim AE maidir le tuairteanna bóthair; le haghaidh sonraí maidir le ciliméadair ghluaisteáin paisinéirí, Eurostat (cód sonraí ar líne [road\\_pa\\_mov](#))*

Ó bhí an bhliain bhonnlíne 2019 ann, tá laghdú 12 % tagtha ar líon na mbásanna ar bhóithre ar fud an Aontais, ach tá difríochtaí suntasacha i measc na mBallstát á gceilt leis an bhfeabhsú sin. Níl ach dornán Ballstát - an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Liotuáin, Málta, an Pholainn agus an tSlóivéin - ar an mbóthar ceart faoi láthair chun an sprioc laghdaithe 50 % do 2030 a bhaint amach. Tá méadú tagtha ar líon na mbásanna ar bhóithre i roinnt Ballstát, lena n-áirítear Éire agus an Eastóin, agus níl ach feabhsuithe beaga feicthe ag Ballstáit eile amhail an Fhrainc, an Iodáil agus an Ísiltír. In 2024, bhí an ráta básanna idir 20 bás in aghaidh an mhilliúin áitritheoir sa tSualainn agus 78 mbás in aghaidh an mhilliúin sa Rómáin.

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar na treochtaí sin, d'oibrigh an Coimisiún leis na Ballstáit chun a bhfeidhmíocht a rianú maidir le príomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Chuir na tionscadail sin, *Baseline* [Bonnlíne]<sup>6</sup> agus *Trendline* [Treochtlíne]<sup>7</sup> faisnéis ar fáil faoi na tosca a bhaineann le rioscaí tuairte agus díobhála agus léirigh siad difríochtaí suntasacha idir tíortha. Féach Roinn 2, thíos.


<sup>6</sup> <https://baseline.vias.be/en/about-the-project>.

<sup>7</sup> <https://trendlineproject.eu/>.



Fíor 3 Miondealú ar bhásanna ar bhóithre an Aontais de réir inscne agus aoisghrúpaí, 2023. Foinse: Bunachar sonraí Straitéis Cúraim AE maidir le tuairteanna bóthair; i gcás sonraí daonra, Eurostat (cód sonraí ar líne [demo\\_pjan](#))

Maidir le miondealú geografach agus déimeagrafach na n-íospartach bóthair, tagann roinnt treochtaí soiléire chun cinn. Is iad na bóithre tuaithe an cineál bóthair is contúirtí fós. Is mó i bhfad líon na bhfear ná líon na mban a fhaigheann bás ar na bóithre. Is ábhar inní atá ag dul i méid freisin é sciar díréireach ard na ndaoine óga agus na ndaoine scothaosta i mbásanna ar bhóithre - go háirithe i measc daoine atá ag siúl agus ar rothair.



Fíor 4 Maitris imbhualte de bhásanna de dheasca imbhualadh tráchta ar bhóithre an Aontais de réir úsáideoir bóthair agus príomhfheithicil eile a raibh baint aici leis an tuairt, 2023. Foinse: Bunachar sonraí Straitéis Cúraim AE maidir le tuairteanna bóthair

I ndearbhtéarmaí, is iad na daoine i gcarranna is dóchúla a gheobhaidh bás i dtuairteanna bóthair. Is ionann iad agus thart ar 44 % de na básanna go léir, agus ina dhiaidh sin coisithe, gluaisrothaithe agus rothaithe. I gcoibhneas le líon na bhfeithicil ar an mbóthar, áfach, is mó i bhfad an baol go bhfaighidh gluaisrothaithe bás i dtuairt bóthair. Is grúpa riosca sonrath iad oibrithe bóthair agus foireann chothabhála. Is féidir tuilleadh anailise ar na miondealuithe geografacha agus déimeagrafacha sin ar

thuirteanna bóthair marfacha a fháil i dtuarascálacha Fhaireachlann an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre<sup>8</sup>.

Léirítear sna tuarascálacha go dtarlaíonn líon ard básanna ó dhaoine atá i gcarranna agus ó ghluaisrothaithe de dheasca tuairteanna aonfheithicle, agus go mbíonn coisithe agus rothaithe an-leochaileach nuair a bhíonn siad in imbhualadh le carr.

Rinneadh dul chun cinn measctha maidir le húsáideoirí soghonta bóithre amhail coisithe, rothaithe agus úsáideoirí gléasanna soghluaisteachta leictreacha éadroma a chosaint. Idir 2019 agus 2023, maraíodh thart ar 900 níos lú coisithe. Mar sin féin, bhí an laghdú ar bhásanna i measc rothaithe agus gluaisrothaithe i bhfad níos lú, agus laghduithe de thart ar 100 i ngach catagóir ar fud an Aontais. Laistigh de bhailte, ba úsáideoirí soghonta bóithre iad beagnach 70 % de na daoine a maraíodh i dtuirteanna bóthair. Tá an céatadán sin fós thar a bheith ard, rud a léiríonn an géarghá atá le gníomhaíocht chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre i mbailte.

Ag an am céanna, tá méadú mór tagtha ar ghairis ghluaisteachta pearsanta eile amhail scútair leictreacha ar bhóithre an Aontais agus méadú comhréireach ar líon na ngortuithe agus na mbásanna sa chatagóir sin. Cuireadh tús le bailiú sonraí i mbunachar sonraí CARE<sup>9</sup> don chatagóir shonrach úsáideoirí bóthair sin in 2023. Tá machnamh á dhéanamh anois ar conas dul i ngleic leis na dúshlán sábháilteachta a bhaineann leis an gcatagóir sin. I staidéar a rinne an Coimisiún<sup>10</sup> in 2024, scrúdaíodh na dúshlán agus na deiseanna a bhaineann le gairis ghluaisteachta pearsanta a rialáil agus moladh rialacha comhchuibhithe chun aghaidh a thabhairt ar an ilroinnt atá ann faoi láthair ar fud an Aontais.

D'eisigh an Sainghrúpa maidir le Soghluaisteacht Uirbeach<sup>11</sup> sraith moltaí<sup>12</sup>, atá dírithe ar úsáideoirí soghonta bóithre a chosaint. Tá siad sin i bhfabhar teorainn luais 30 km/u a chur chun feidhme i gceantair uirbeacha mar an beart a bhfuil an tionchar is mó aige, agus ina dhiaidh sin ceanglais cháilíochta a fhorbairt le haghaidh bonneagar bóithre a fhreastalaíonn ar na grúpaí sin amhail trasrianta sábháilte coisithe agus conairí scartha siúil agus rothaíochta.

---

<sup>8</sup> [https://road-safety.transport.ec.europa.eu/european-road-safety-observatory/data-and-analysis/thematic-reports\\_en](https://road-safety.transport.ec.europa.eu/european-road-safety-observatory/data-and-analysis/thematic-reports_en).

<sup>9</sup> Bunachar sonraí an Aontais ina bhfuil sonraí imdhealaithe maidir le tuairteanna bóthair a mbíonn bás nó gortú mar thoradh orthu: [https://road-safety.transport.ec.europa.eu/european-road-safety-observatory/methodology-and-research/care-database\\_en](https://road-safety.transport.ec.europa.eu/european-road-safety-observatory/methodology-and-research/care-database_en).

<sup>10</sup> *Study on the need of harmonised rules to support the rise of micro mobility and increased road safety for personal mobility devices - Final report (1.0)*, <https://data.europa.eu/doi/10.2873/8572224>. [Staidéar ar an ngá atá le rialacha comhchuibhithe chun tacú le méadú na micrea-ghluaisteachta agus leis an tsábháilteacht mhéadaithe ar bhóithre le haghaidh gléasanna gluaisteachta pearsanta] - Tuarascáil chríochnaitheach (1.0), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

<sup>11</sup> An Sainghrúpa maidir le Soghluaisteacht Uirbeach (E03863) a bunaíodh le Cinneadh C(2022) 5320 final ón gCoimisiún.

<sup>12</sup> [https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/urban-transport/expert-group-urban-mobility\\_en](https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/urban-transport/expert-group-urban-mobility_en).

## 2. PRÍOMHTHOSCA RIOSCA IOMPRAÍOCHTA

D'ainneoin na mblianta fada infheistíochta maidir le sábháilteacht ar bhóithre, feachtais feasachta agus bearta reachtacha, leanann tosca riosca iompraíochta de bheatha daoine a chur i mbaol. Is iad na príomhchinn luas iomarcach nó míchuí, tiomáint faoi thionchar alcóil agus/nó drugaí, seachmall, agus mainneachtain crios sábhála a chaitheamh. Tá tuilleadh sonraí maidir le gach ceann de na fachtóirí riosca sin le fáil san anailís a fhoilsítear ar an bhFaireachlann Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre<sup>13</sup>. Is samplaí iad seo a leanas:

**Tiomáint faoi thionchar an óil:** baineann thart ar 25 % de na básanna ar bhóithre san Aontas le halcól. Léiríonn tástáil randamach anála cois bóthair comhlíontacht fhoriomlán ard le teorainneacha alcóil, ag thart ar 98 %. Mar sin féin, fiú an ráta neamhchomhlíontachta beag 2 % sin, de réir dealraimh, is ionann é agus thart ar chúig mhilliún tiománaí lagaithe ar bhóithre an Aontais.

**Tiomáint róghasta:** meastar go bhfuil luas iomarcach nó míchuí freagrach go díreach as thart ar 30 % de na tuairteanna bóthair marfacha uile san Aontas. I roinnt mhaith tíortha, titeann comhlíonadh na dtéorainneacha luais faoi bhun 50 % ar bhóithre cathrach.

**Seachmall:** léiríonn grinnaíilísí ar thuairteanna an Aontais gur fachtóir rannpháirteach é seachmall tiománaí i 10-30 % de na tuairteanna marfacha, ag brath ar an tír agus ar an bhfoinse sonraí.

**Gan crios sábhála:** Ní raibh crios sábhála á chaitheamh ag an am ag níos mó ná an ceathrú cuid de na taistealaithe gluaisteáin a maraíodh i dtuairteanna. Léiríonn suirbhéanna breathnóireachta go dtuairiscíonn roinnt tíortha rátaí comhlíonta maidir le suíocháin ar chúl faoi bhun 50 %, rud a léiríonn bearna shuntasach sábháilteachta.

Ní mór do bhearta chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú cur chuige an Chórais Shábháilte a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna iompraíochta sin in éineacht le bearta eile chun feabhas a chur ar bhonneagar bóithre agus ar shábháilteacht feithiclí, agus chun cúram éifeachtach iarthuairte a chur ar fáil.

## 3. PRÍOMHDHÚSHLÁIN SHISTÉAMACHA

Tugann fianaise ó straitéisí, pleananna gníomhaíochta agus doiciméid straitéiseacha eile an Aontais agus náisiúnta a chur chun feidhme, agus ó aiseolas ó ionadaithe na mBallstát, le fios go bhfuil roinnt dúshláin shistéamacha fós ag cur bac ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna 2030.

- Is dúshlán fós é rialacha tráchta ar bhóithre a **fhorfheidhmiú**, agus ganntanas struchtúrach póilíní tráchta ar bhóithre, agus ganntanas córas ceamara uathoibríthe ann.
- **Glacadh teoranta na tsochaí**, go háirithe glacadh le bearta forfheidhmiúcháin. Léiríonn frithsheasmhacht an phobail in aghaidh forfheidhmiú uathoibríthe, teorainneacha luais níos ísle, agus pionóis níos déine neamhshuim chultúrtha níos leithne maidir leis an ngá atá le tosaíocht a thabhairt don tsábháilteacht thar

<sup>13</sup> Féach [https://road-safety.transport.ec.europa.eu/european-road-safety-observatory/data-and-analysis/thematic-reports\\_en](https://road-safety.transport.ec.europa.eu/european-road-safety-observatory/data-and-analysis/thematic-reports_en) le haghaidh tuarascálacha mionsonraithe maidir le tiomáint faoi thionchar alcóil agus drugaí, trealamh cosanta amhail criosanna sábhála, seachmall agus luas. Féach freisin [https://road-safety.transport.ec.europa.eu/eu-road-safety-policy/priorities/safe-road-use/alcohol\\_en](https://road-safety.transport.ec.europa.eu/eu-road-safety-policy/priorities/safe-road-use/alcohol_en) le haghaidh staidéar a rinneadh in 2022 maidir le [Tiomáint faoi thionchar alcóil agus drugaí a chosc](#).

áisiúlacht soghluaisteachta. I measc na samplaí tá tine a chur le ceamaraí luais agus bearta maolaithe tráchta a bheith á mbaint ag agóideoirí.

- **Easpa acmhainneachta:** is minic nach mbíonn foireann cháilithe ag na húdaráis atá freagrach as bonneagar sábháilteachta ar bhóithre, oiriúnuithe tráchta agus forfheidhmiú tráchta, go háirithe iad siúd ar an leibhéal bardasach. Tá ganntanas leanúnach teagascóirí agus scrúdaitheoirí tiomána agus daoine atá freagrach as cigireacht theicniúil a dhéanamh ar fheithiclí i roinnt mhaith Ballstát de chuid an Aontais.
- **Cistiú neamhleor:** níl buiséid thiomnaithe um shábháilteacht ar bhóithre ag go leor Ballstát ar an leibhéal náisiúnta ná ar an leibhéal áitiúil agus, dá bhrí sin, ní féidir leo foireann cháilithe a fhostú chun tionscadail sábháilteachta an bhonneagair bóthair a dhearadh agus a chur chun feidhme ná chun líon leordhóthanach foirne forfheidhmiúcháin a choinneáil ar bun.
- Tá **an toil pholaitiúil** fós neamhréireach ar gach leibhéal, agus is minic a chaitear le sábháilteacht ar bhóithre mar shaincheist theicniúil seachas mar shaincheist pholaitiúil. D’fhéadfadh drochthuiscint ar thionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil tráma bóthair a bheith taobh thiar den drogall chun gníomhú ina leith.
- Tá **dúshlán rialachais** fós ann, agus freagrachtaí ilroinnte ar fud leibhéal agus earnálacha riaracháin éagsúla.
  - Ar **leibhéal an Aontais**, d’fhéadfadh sé nach raibh na saincheisteanna a d’ardaigh ionadaithe Bhallstáit an Aontais i gcónaí mar thoradh ar an sainordú neartaithe a tugadh don Ghrúpa Ardleibhéal um Shábháilteacht ar Bhóithre<sup>14</sup>, rud a chuireann ar a chumas comhairle straitéiseach a chur san áireamh agus aiseolas a thabhairt níos minice, agus d’fhéadfadh sé go bhfaigheadh na hionadaithe sin obair leantach leordhóthanach ón Aontas ar fud réimsí beartais a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre.
  - Níl creat rialachais an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre struchtúraithe go leordhóthanach chun freastal ar leathadh amach níos leithne feithiclí uathoibríthe i dtrácht ar bhóithre, ná chun mórshonraí a shaothrú chun críocha gníomhaíochta sábháilteachta ar bhóithre. Bunaíodh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin a bhfuil sainorduithe sábháilteachta acu le haghaidh modhanna iompair eile ach níl aon chreat coiteann ann chun tacú leis an bhfaireachán, leis an gcomhordú ná leis an obair theicniúil is gá chun feithiclí uathoibríthe a leathadh amach go sábháilte ar bhóithre an Aontais. D’fhéadfadh deis chaillte a bheith i gceist leis sin don tsábháilteacht ar bhóithre agus do gheilleagar an Aontais araon.
  - Idir an dá linn, ar an **leibhéal náisiúnta**, in ainneoin go leor samplaí dearfacha, is minic a chuireann easpa comhordaithe idir údaráis iompair, eacnamaíocha, sláinte, ceartais agus oideachais bac ar an gcur chuige iomlánaíoch maidir le sábháilteacht ar bhóithre a bhfuil gá leis<sup>15</sup>.

<sup>14</sup> [https://road-safety.transport.ec.europa.eu/what-we-do/high-level-group-road-safety\\_en](https://road-safety.transport.ec.europa.eu/what-we-do/high-level-group-road-safety_en).

<sup>15</sup> Molann EDS ‘príomhghníomhaireacht’ a cheapadh, straitéisí náisiúnta a dhréachtú agus spriocanna cainníochtaithe náisiúnta a leagan síos. Féach Belin M-Å, Khayesi M, Tran N., ‘*Road safety is no accident: building efficient road safety lead agencies, strategies and targets in the world, 2009–2023*’, [‘Níl aon tionóisc i gceist le sábháilteacht ar bhóithre’: gníomhaireachtaí ceannais, straitéisí agus spriocanna éifeachtúla maidir le sábháilteacht ar bhóithre a thógáil ar fud an domhain, 2009–2023’], *Injury Prevention* [Cosc ar Dhiobháil], 15 Iúil 2025, <http://doi:10.1136/ip-2024-045601>



#### 4. CAD ATÁ DÉANTA GO DTÍ SEO?

Is é Creat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030<sup>16</sup> an doiciméad beartais straitéisigh do na deich mbliana atá ann faoi láthair. Sainaitníodh ann ceithre phríomhréimse gníomhaíochta ('réimsí idirghabhála') atá ag teacht leis na ceithre cholún de chur chuige an Chórais Shábháilte: bóithre agus cois bóthair atá sábháilte; feithiclí sábháilte; úsáid shábháilte bóithre; agus práinnfhreagairt éifeachtach. Tá beart déanta ag an gCoimisiún i ngach ceann de na réimsí sin i bhfoirm reachtaíochta, cistiúcháin, for-rochtana agus fothú acmhainneachta.

##### 4.1. SÁBHÁILTEACHT BONNEAGAIR

Tá sé ríthábhachtach dea-bhóithre agus cois bóthair a thógáil chun sábháilteacht na n-úsáideoirí bóithre a mhéadú. I mí Dheireadh Fómhair 2019, ghlac an tAontas Treoir athbhreithnithe maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú (an Treoir maidir le RISM)<sup>17</sup> d'fhonn líon agus déine na dtuairteanna a laghdú. Leis na rialacha athbhreithnithe, leathnaíodh raon feidhme na Treorach thar an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T), chuig mótarbhealaí agus príomhbhóithre agus chuig gach bóthar lasmuigh de cheantair uirbeacha a thógtar trí chistí an Aontais a úsáid. Ciallaíonn sé sin go dtagann bóithre tuaithe, ina dtarlaíonn níos mó ná leath de na básanna uile ar bhóithre, faoi raon feidhme na Treorach anois, rud a chinntíonn go ndéantar an tsábháilteacht a chomhtháthú i ngach céim den phleanáil, den dearadh agus den oibriú bóithre.

Mar chuid den mhórchleachtadh sin, ní mór do na Ballstáit measúnuithe bóthair rialta a dhéanamh ar fud an ghréasáin, bunaithe ar mhodheolaíocht um scálú riosca a chuidíonn le rioscaí tuairte ar chodanna sonracha den bhóthar a shainaithint ar bhealach níos fearr. Is é an toradh a bheidh air sin go ndíreofar cigireachtaí ar an tsábháilteacht ar bhóithre ar na codanna is contúirtí agus, dá bhrí sin, go gcuideofar le hinfheistíocht a dhíriú chuig na háiteanna is mó a bhfuil gá léi. Tá treoir curtha ar fáil ag an gCoimisiún<sup>18</sup> chun cabhrú leis na húdaráis náisiúnta a gcúram a chur i gcrích chomh maith le léarscáil den Eoraip<sup>19</sup> ina léirítear an gréasán bóithre ina iomláine a chumhdaítear leis an Treoir.

Tá treoir á hullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair maidir le bóithre sábháilte agus bonneagar leochaileach atá éasca le húsáid ag bóithre a dhearadh, mar obair leantach ar an Dearbhú Rothaíochta Eorpach<sup>20</sup> agus ar cheanglas na Treorach maidir le RISM go gcuirfí úsáideoirí leochaileacha san áireamh go córasach i ngach nós imeachta bainistithe sábháilteachta ar bhóithre.

<sup>16</sup> COM (2018) 293, Iarscríbhinn I.

<sup>17</sup> Treoir (AE) 2019/1936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Treoir 2008/96/CE maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú (IO L 305/1, 26.11.2019, ELI:<http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1936/oj>).

<sup>18</sup> Network Wide Road Safety Assessment Methodology and Implementation Handbook [Modheolaíocht agus Lámhleabhar Cur Chun Feidhme an Líonra maidir le Measúnú ar Shábháilteacht ar Bhóithre ar fud an Líonra], 93e39cd2-9e71-4ee0-8a8e-4de4fddaf068\_en.

<sup>19</sup> [amharcóirí léarscáile TENtec - Féach ar Ghréasán TEN-T | Bonneagar iompair Eorpach](#)

<sup>20</sup> [An Dearbhú Eorpach maidir le Rothaíocht, IO C/2024/2377, 3.4.2024.](#)

Leis an Treoir maidir le Córais Iompair Chliste<sup>21</sup>, déantar foráil maidir le rialacháin tráchta statacha agus dinimiciúla amhail teorainneacha luais ar ghréasán cuimsitheach TEN-T, mótarbhealaí, príomhbhóithre agus nóid uirbeacha. Cuirfidh sé feabhas ar chomhlíonadh tiománaithe agus beidh trácht níos sábháilte agus níos cliste mar thoradh air, trí thacaíocht a chur ar fáil do chúnamh cliste luais agus do shoghluaisteacht chomhoibríoch, nasctha agus uathoibríthe.

#### 4.2. SÁBHÁILTEACHT FEITHICLÍ

Is iad feithiclí sábháilte an dara colún den Chóras Sábháilte. Bíonn tionchar suntasach ag feithiclí ar shábháilteacht ar bhóithre agus ciallaíonn athruithe tapa ar an teicneolaíocht gur gá aird rialála leanúnach a thabhairt orthu.

Tháinig an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Feithiclí<sup>22</sup>, lena leagtar síos íoschaighdeáin sábháilteachta do gach feithicil nua a dhíoltar ar mhargadh an Aontais, i bhfeidhm go hiomlán i mí Iúil 2024. Tugadh isteach leis ceanglais a d'fhéadfadh feabhas suntasach a chur ar shábháilteacht amhail cúnaimh cliste luais, cúnaimh le fanacht i lána, faisnéis chaochspota agus córais braite cúlaithe, agus criosanna cosanta tuairte cloiginn méadaithe atá in ann gortuithe in imbhuailtí le húsáideoirí soghonta bóthair a mhaolú, amhail coisithe agus rothaithe. Oibríonn an Coimisiún go leanúnach leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara chun an Rialachán agus an creat rialála d'fheithiclí uathoibríthe a chur chun feidhme.

I mí Aibreáin 2025, mhol an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha an Aontais maidir le ródacmhainneacht feithiclí<sup>23</sup>. Is é an sprioc atá ann feithiclí a choinneáil sábháilte le linn a saolré ar fad, agus astaíochtaí truailléan aeir agus torainn a laghdú, go háirithe i gcás forbairtí teicneolaíochta agus i bhfianaise fhlít feithiclí an Aontais atá ag dul in aois. Leis na rialacha nua atá beartaithe, tá sé beartaithe na hiniúchtaí teicniúla tréimhsiúla a dhéantar ar fheithiclí leictreacha agus ar ardchórais cúnta tiománaí a oiriúnú, iniúchtaí teicniúla tréimhsiúla éigeantacha a thabhairt isteach le haghaidh gluaisrothar agus cigireachtaí bliantúla a thabhairt isteach le haghaidh gluaisistéin agus veaineanna níos sine, ardmhodhanna tástála astaíochtaí a thabhairt isteach chun feithiclí ardastaíochta a bhrath agus iniúchtaí ar dhaingniú lasta a dhéanamh éigeantach ag iniúchtaí cois bóthair. Meastar, dá gcuirfí chun feidhme é, go sábhálfadh sé sin ar fad thart ar 7 000 duine agus go gcoiscfeadh sé thart ar 65 000 gortú tromchúiseach idir 2026 agus 2050.

---

<sup>21</sup> Treoir (AE) 2023/2661 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Treoir 2010/40/AE maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair (IO L, 2023/2661, 30.11.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2661/oj>).

<sup>22</sup> [Rialachán \(AE\) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019](#) maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfeithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhphárteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair.

<sup>23</sup> Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/45/AE maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfeithiclí agus ar leantóirí mótarfeithiclí agus Treoir 2014/47/AE maidir le hiniúchadh teicniúil cois bóthair ar ródacmhainneacht feithiclí tráchtála a bhíonn ag gluaiseacht san Aontas, COM/2025/180 agus Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí agus sonraí clárúcháin feithiclí arna dtairfeadh i gcláir náisiúnta feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/37/CE ón gComhairle, COM/2025/179.

### 4.3. ÚSAID SHÁBHÁILTE BÓITHRE

Is é úsáid shábháilte bóithre, lena n-áirítear leibhéil iomchuí luais, tiomáint stuama gan a bheith ar seachmall agus úsáid an trealaimh sábháilteachta, an tríú réimse gníomhaíochta i gCreat Beartais reatha an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 agus an tríú colún de chur chuige an Chórais Shábháilte. Is codanna suntasacha de struchtúr dreasachta iad ceadúnú tiománaithe, oideachas spriocdhírthe agus múscailt feasachta agus córais láidre forfheidhmiúcháin lena spreagtar úsáid shábháilte bóithre agus feithiclí.

I mí Dheireadh Fómhair 2025, ghlac an tAontas athbhreithniú ar an **Treoir maidir le Ceadúnais Tiomána**<sup>24</sup>. Chomh maith le ceadúnais tiomána mhóibíleacha a thabhairt isteach, déantar foráil leis na rialacha nua maidir le tiomáint thionlactha d'fhoghlaimoirí óga, rialacha agus/nó pionóis níos déine do thiománaithe nuacheadúnaithe a ghabhtar ag tiomáint faoi thionchar an óil agus faoi thionchar drugaí, níos mó feasachta ar rioscaí, cosaint níos fearr d'úsáideoirí soghonta bóithre, agus creat nua lena gceadaítear do na Ballstáit oiriúnacht mheabhrach agus fhisiciúil tiománaí chun tiomána a sheiceáil ar feadh a shaoil.

Cé gur chuir rialacha an Aontais roimhe seo feabhas ar chomhlíonadh na rialachán maidir le sábháilteacht ar bhóithre ag tiománaithe neamhchónaitheacha, bhí bealach éalaithe suntasach fós ann: níor gearradh pionós ar thart ar 40 % de chionta trasteorann mar gheall ar dhúshlán maidir le ciontóirí a shainaithe agus fineálacha agus dícháiliúcháin tiomána a fhorfheidhmiú. Tugadh aghaidh ar na laigí sin sa Treoir nua maidir le Ceadúnais Tiomána. I gcás mórchionta, amhail tiomáint faoi thionchar an óil nó faoi thionchar drugaí, tiomáint róghasta ar luas níos tapúla ná 50 km os cionn na teorann luais, nó rialachán maidir le trácht ar bhóithre a shárú agus a bheith ina cúis le bás daoine eile nó le gortú tromchúiseach do dhaoine eile, beidh sé d'oibleagáid ar an mBallstát a eisiónn ceadúnas tiomána **dícháilithe tiomána** a fhorchur atá comhchosúil leis an bpionós a d'eisigh an Ballstát inar tharla an cion. Tabharfaidh sé sin éifeacht don phionós ar fud an Aontais. Ina theannta sin, leis an **Treoir maidir le Forfheidhmiú Trasteorann**<sup>25</sup> a glacadh le déanaí, méadaítear an comhar i measc na mBallstát trí chúnadh frithpháirteach a bhunú chun pionóis airgeadais a fhorfheidhmiú go héifeachtach i gcás raon níos leithne cionta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre.

Is é an **luas** an phríomhthoisic rannpháirteach is cúis le tuairteanna bóthair i gcónaí. Bíonn luas iomarcach nó míchuí i gceist le 10-15 % de na tuairteanna uile agus thart ar 30 % de na tuairteanna marfacha agus cuireann sé le hiarmhairtí na dtuairteanna uile. Má bhuaileann carr coisí ag 30 km/u tá seans 90 % acu teacht slán; ag 50 km/u, is é 20 % an seans a bheidh acu<sup>26</sup>. Cé go bhfuil luas fós ina shaincheist atá íogair ó thaobh na polaitíochta agus an chultúir de, tá tairbhí suntasacha ag baint le tionscnaimh lena laghdaítear luas, ní hamháin níos lú tuairteanna bóthair, básanna agus gortuithe, ach

<sup>24</sup> [Treoir \(AE\) 2025/2205 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2025 maidir le ceadúnais tiomána](#), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena naisghairtear Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012 ón gCoimisiún.

<sup>25</sup> Treoir (AE) 2024/3237 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre.

<sup>26</sup> <https://www.who.int/publications/m/item/speed-management--a-road-safety-manual-for-decision-makers-and-practitioners.-2nd-edition>.

tairbhí comhshaoil freisin, agus laghdú ag teacht ar astaíochtaí, ar leibhéal truaillithe torainn agus ar ídiú breosla.

Tugann go leor tionscnamh a chuirtear chun cinn ar leibhéal an Aontais aghaidh cheana féin ar luas. Áirítear orthu sin Rialachán an Aontais maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Feithiclí agus an Treoir maidir le Forfheidhmiú Trasteorann a luaitear thuas. Tá tionscnaimh nua bainistithe luais tugtha isteach cheana féin ag go leor údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, nó tá sé beartaithe acu tionscnaimh nua bainistithe luais a thabhairt isteach, amhail criosanna 30 km/u i gcathracha, go háirithe i limistéir ina mbíonn úsáideoirí gníomhacha agus leochaileacha bóithre agus feithiclí ag meascadh go minic ar bhealach pleanáilte<sup>27</sup>.

Roghnaigh údaráis eile bearta eile: mar shampla, dhírigh siad ar dhearadh bonneagair a fheabhsú chun úsáideoirí soghonta bóithre a chosaint, ar rioscaí a shainaitheint agus a bhainistiú ar bhealach níos fearr nó ar shreabha tráchta a dheighilt, ar teorainneacha luais a fhorfheidhmiú agus ar oideachas agus cumarsáid níos fearr.

#### 4.4. PRÁINNFHREAGAIRT ÉIFEACHTACH

Tá práinnfhreagairt mhear ríthábhachtach chun beatha daoine a shábháil agus chun déine gortuithe a laghdú. Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais maidir le cúram iarthuairte, an ceathrú colún den Chóras Sábháilte, an t-am idir an tuairt agus teacht foirne leighis chuig suíomhanna tuairte a laghdú. Cuireann freagairtí níos tapúla ó sheirbhísí éigeandála feabhas suntasach ar dheiseanna marthanais: tugadh le fios i staidéar amháin ón Spáinn<sup>28</sup> go mbaineann laghdú 10 nóiméad ar fhreagairt leighis le laghdú aon trian ar dhóchúlacht an bháis.

Léiríonn torthaí ó staidéar Trendline gurb ionann an t-aga freagartha éigeandála, i bhformhór na dtíortha Eorpacha, agus 10 nóiméad nó níos lú i leath na dteagmhas. I 95 % de na cásanna, bíonn an fhreagairt éigeandála thart ar 25 nóiméad nó níos lú. Bíonn na freagraí 10 nóiméad níos faide ar an meán i gceantair thuaithe ná mar a bhíonn i gceantair uirbeacha.

Le reachtaíocht an Aontais maidir le eCall, rinneadh córais ghlaonna éigeandála uathoibríthe bunaithe ar 112 éigeantach i ngach gluasteán nua a dhíoltar san Aontas ón 1 Aibreán 2018 ar aghaidh. Léiríonn anailís san Fhionlainn<sup>29</sup> go laghdaíonn úsáid eCall an t-am idir an chéad ghlaon ar na seirbhísí éigeandála agus teacht foirne leighis ag an suíomh tuairte ó 25 go 22 nóiméad. Laghdaíonn sé an t-aga freagartha ar mhótarbhealaí níos mó fós: ó 20 go 14 nóiméad.

<sup>27</sup> Féach G. Yannis agus E. Michelaraki, ‘Effectiveness of 30 km/h speed limit – A literature review’, [‘Éifeachtúlacht na teorann luais 30 km/u - athbhreithniú ar an litríocht’], *Journal of Safety Research* 92 (2025) 490–503 ina luaitear ‘Léirigh fianaise eolaíoch reatha gur féidir le tabhairt isteach teorainneacha luais 30 km/u i gcathracha níos mó ná 40 % de bheatha daoine a shábháil, mar aon le héifeachtaí dearfacha suntasacha ar an gcomhshaoil, ar ídiú fuinnimh agus ar an tsláinte phoiblí, lena n-áirítear ídiú breosla laghdaithe agus siúl agus rothaíocht mhéadaithe.’

<sup>28</sup> Sánchez-Mangas R, García-Ferrer A, de Juan A, Martín Arroyo A, ‘The probability of death in road traffic accidents. How important is a quick medical response?’, [‘Dóchúlacht an bháis i dtionóiscí tráchta ar bhóithre. Cé chomh tábhachtach is atá freagairt thapa leighis?’] *Accident Analysis & Prevention* [Anailís agus Cosc Tionóiscí], 2010, Imleabhar 42, Eagrán 4, Iúil 2010, leathanaigh 1048-1056, <https://doi.org/10.1016/j.aap.2009.12.012>.

<sup>29</sup> <https://trendlineproject.eu/media/pages/trendline-results/c0a640421f-1764252485/kpi-post-crash-care-report.pdf>

In 2024, thug an Coimisiún an reachtaíocht eCall cothrom le dáta chun gur féidir eCall a úsáid leis na teicneolaíochtaí cumarsáide<sup>30</sup> is déanaí ón 1 Eanáir 2026 le haghaidh cineálacha nua feithiclí agus ón 1 Eanáir 2027 le haghaidh gach feithicle nua. Os a choinne sin, le deireadh a chur de réir a chéile le líonraí cumarsáide móibílí 2G agus 3G ar fud an Aontais sna blianta amach romhainn, cruthófar riosca nach mbeidh feithiclí atá ann cheana atá feistithe le gléasanna eCall 2G-3G in ann an tseirbhís eCall a úsáid a thuilleadh.

#### 4.5. COMHORDÚ AGUS FOR-ROCHTAIN AR LEIBHÉAL AN AONTAIS

Tá freagracht chomhpháirteach ar an Aontas agus ar na Ballstáit as an mbeartas sábháilteachta ar bhóithre agus comhroinneann siad inniúlacht sa bheartas sin. Chun sábháilteacht a fheabhsú, tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe ó na páirtithe uile agus ar gach leibhéal rialachais: údaráis phoiblí, tionscal, comhlachais úsáideoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, scoileanna agus taighdeoirí.

Ar leibhéal an Aontais, is fóram é **an Grúpa Ardleibhéil um shábháilteacht ar bhóithre**, atá comhdhéanta d'ionadaithe náisiúnta ardchéime, chun malartú agus comhairliúchán a dhéanamh leis na Ballstáit. Pléann comhaltaí an Ghrúpa Ardleibhéil an dul chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus is minic a ardaíonn siad saincheistanna leasa choitinn ar mhaith leo gníomhaíocht a fheiceáil ina leith ar leibhéal an Aontais, mar shampla rialáil gléasanna gluasteachta pearsanta nó cur i bhfeidhm rialacha tráchta ar bhóithre maidir le feithiclí uathobrithe.

Reáchtálann an Coimisiún **comhdhálacha débhlíantúla maidir le torthaí sábháilteachta ar bhóithre** chun dul chun cinn a phlé, dea-chleachtais a mhalartú, agus páirtithe leasmhara a spreagadh. Déanann **Comhordaitheoir Eorpach um shábháilteacht ar bhóithre** iarrachtaí a chomhordú leis na Ballstáit.

Molann an Coimisiún gealltanais dheonacha faoin **gCairt Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre**<sup>31</sup>, an t-ardán sochaí sibhialta is mó ar domhan le haghaidh sábháilteacht ar bhóithre agus breis agus 4 300 comhalta aige. Tugann gradaim bhliantúla aitheantas do thionscnaimh nuálacha, lena n-áirítear aitheantas do chathracha sábháilte Eorpacha.

Trí úsáid a bhaint as cistiú ón Aontas, cuireann **Malartú Sábháilteachta ar Bhóithre an Aontais**<sup>32</sup> gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta agus nasctha ar fáil do na Ballstáit is mó a bhfuil an acmhainneacht is mó acu feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht. Tógann oifigigh comhpháirtíochtaí le contrapháirtithe i dtíortha eile trí dhea-chleachtais a mhalartú agus trí thionscnaimh rathúla a thaispeáint. Mar thoradh ar roinnt malartuithe comhoibríochta, tá dul chun cinn nithiúil déanta maidir le straitéisí agus pleanáil náisiúnta sábháilteachta ar bhóithre. Tar éis di dul i dteagmháil leis an tSualainn, thosaigh an Liotuáin ag obair chun cur i bhfeidhm bhonneagar bóthair 2+1 a leathnú<sup>33</sup>. Tá tús curtha ag an Rómáin le hullmhúcháin chun líonra náisiúnta ceamara luais sheasta a shuiteáil,

<sup>30</sup> Líonraí paicéadlasctha IMS amhail 4G agus 5G.

<sup>31</sup> <https://road-safety-charter.ec.europa.eu/>.

<sup>32</sup> <https://etsc.eu/projects/eu-road-safety-exchange/>.

<sup>33</sup> Is cineál bóthair é bóthar 2+1 ar a bhfuil dhá lána i dtreo amháin agus lána amháin sa treo eile, atá scartha le hairmheán nó le bacainn, agus an lána breise ag athrú gach cúpla ciliméadar. Leis an dearadh is féidir scoithheadh sábháilte a dhéanamh agus, ag an am céanna, costais tógála a choinneáil níos ísle ná carrbhealach dúbailte iomlán a thógáil.

arna spreagadh ag córas na Spáinne, agus tá an t-imscaradh beartaithe faoi láthair do 2026. Tá tús curtha ag an Laitvia le scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go ndéanfaí grinn-imscrúdú tuairte, ag tógáil leideanna ó mhodheolaíocht na Fionlainne. Idir an dá linn, mar chuid dá dlí nua um thrácht ar bhóithre, laghdaigh an Ghréig na teorainneacha luais i gceantair uirbeacha go 30 km/h agus tá sí chun bearta breise a thabhairt isteach a bheidh dírithe ar shábháilteacht gluaisrothaithe a fheabhsú, tar éis gníomhaíochtaí comhroinnte eolais leis an Spáinn agus leis an Danmhairg.

D'éirigh leis na hiarrachtaí abhcóideachta sin páirtithe leasmhara sa phobal sábháilteachta ar bhóithre a thabhairt le chéile agus leibhéal áirithe measúnaithe agus foghlama frithpháirtí a chur chun cinn i measc na mBallstát. Ach is faoin bhfreagracht náisiúnta go príomha atá sé tosaíocht pholaitiúil a thabhairt don tsábháilteacht ar bhóithre agus ábhair inní maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre a phríomhshruthú in earnálacha eile amhail an beartas eacnamaíoch, an tsláinte agus an tsábháilteacht san ionad oibre.

#### 4.6. SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE A CHISTIÚ

Tá cistiú ríthábhachtach chun réitigh sábháilteachta ar bhóithre a chur chun feidhme agus chun dlús a chur leis an dul chun cinn maidir le sábháilteacht ar bhóithre ar fud na hEorpa, go háirithe i dtíortha atá tite ar gcúl maidir le feidhmíocht sábháilteachta ar bhóithre.

Bhain an tAontas úsáid as trí phríomhionstraim chun tionscadail bhonneagair iompair náisiúnta agus réigiúnacha a chuireann le sábháilteacht ar bhóithre a mhaoiniú: Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus an Ciste Comhtháthaithe (CC), áit a roinntear an bhainistíocht idir an Coimisiún agus na Ballstáit, agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), atá á bainistiú go díreach ag an gCoimisiún. Ina theannta sin, thacaigh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le tionscadail a rannchuidíonn le sábháilteacht ar bhóithre.

Faoi SCE, mhaoinigh an tAontas tionscadail fothaithe acmhainneachta trasteorann freisin amhail measúnuithe ar fud an ghréasáin ar bhonneagar bóithre, na príomhtháscairí feidhmíochta, feachtais forfheidhmiúcháin agus cur chun feidhme seirbhísí CIC thar teorainneacha.

Measadh i dtuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE)<sup>34</sup> le deich mbliana anuas go raibh EUR 6 663 milliún<sup>35</sup> de chistiú CFRE, CC agus SCE - arb ionann é agus beagán os cionn 2 % de luach na gcistí sin - geallta do thionscadail a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Mar sin féin, cumhdaítear leis na meastacháin sin freisin tionscadail bhonneagair agus tionscadail eile nach bhfuil sa tsábháilteacht ar bhóithre ach cuspóir cúnata agus nach é príomhchuspóir na gníomhaíochta é. Mhol an Chúirt go dtabharfaí tosaíocht do chómhaoiniú ón Aontas le haghaidh tionscnaimh a mbeadh an tionchar is mó acu ar shábháilteacht ar bhóithre.

Cuireadh cistiú ar fáil freisin le haghaidh tuilleadh taighde faoin gelár Fís Eorpach, lena n-áirítear le haghaidh bonneagar sábháilte, feithiclí sábháilte, úsáid shábháilte bóithre

<sup>34</sup> Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Tuarascáil speisialta 2024/04, Cuspóirí sábháilteachta bóthair an Aontais a bhaint amach: Tá sé in am dlús a chur leis an dícheall, [https://www.eca.europa.eu/ECAPublications/SR-2024-04/SR-2024-04\\_EN.pdf](https://www.eca.europa.eu/ECAPublications/SR-2024-04/SR-2024-04_EN.pdf).

<sup>35</sup> SCE: EUR 1 477 milliún; CFRE agus CC: EUR 5 186 milliún.

agus cúram iarthuairte. Don tréimhse 2021-2027, is é thart ar EUR 123 mhilliún an méid a leithdháiltear ar thionscadail taighde maidir le sábháilteacht ar bhóithre, arb ionann é agus thart ar 0,13 % de luach iomlán an chláir Fís Eorpach atá ann faoi láthair.

Ó thaobh an mhaoinithe de, tá sé mar thosaíocht ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) sábháilteacht a leabú i ngach infheistíocht ar bhóithre ina Bheartas Iasachtaithe Iompair 2022, atá beartaithe d'athbhreithniú meántearma in 2026. Thairis sin, tá coimircí sábháilteachta ar bhóithre leabaithe sna Caighdeáin Chomhshaoil agus Shóisialta a bhfuil feidhm acu maidir le hoibríochtaí uile BEI. Tríd an Ardán um Iompar Níos Sábháilte, thacaigh BEI le hinfeistíochtaí spriocdhírthe sa tsábháilteacht ar bhóithre, le tacaíocht chomhairleach agus le cúnaimh teicniúil, rud a ghin tionscadail ar fud roinnt Ballstát de chuid an Aontais. Laistigh den Aontas, sainordaíonn BEI go gcomhlíonfar an Treoir maidir le RISM agus an Treoir maidir le Sábháilteacht Tollán<sup>36</sup>, lena n-áirítear measúnuithe tionchair ar shábháilteacht ar bhóithre, agus iniúchtaí ar shábháilteacht ar bhóithre.

#### **4.6.1. LÉARGAS AR THAIGHDE AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE ARNA CHISTIÚ AG AN AONTAS**

Idir 2021 agus 2025, thacaigh Fís Eorpach le breis agus 20 tionscadal taighde agus nuálaíochta a bhí dírithe ar shábháilteacht ar bhóithre.

Le gníomhaíochtaí taighde maidir le sábháilteacht ar bhóithre a fuair cistiú ón Aontas, cumhdaíodh ceithre phríomhréimse, atá ag teacht leis na ceithre cholún de chur chuige an Chórais Shábháilte: bonneagar sábháilte, feithiclí sábháilte, úsáid shábháilte bóithre agus cúram iarthuairte tapa agus éifeachtach.

Is é is aidhm do na tionscadail a bhaineann le bonneagar, a bheidh ar siúl go dtí 2026-2027, creat a chruthú le haghaidh measúnú sábháilteachta sonraibhunnaithe (Evoroads<sup>37</sup>), bonneagar a fhorbairt chun faireachán is fearr a dhéanamh ar shábháilteacht ar bhóithre (iDriving<sup>38</sup>), agus réitigh sábháilteachta ar bhóithre a fhorbairt d'úsáideoirí soghonta bóithre i gcomhthéacsanna uirbeacha (Soteria<sup>39</sup>).

A mhéid a bhaineann le sábháilteacht feithiclí, cumhdaítear leis na tionscadail atá ann faoi láthair ábhair amhail córais sábháilteachta ghníomhacha agus éighníomhacha a fhorbairt d'fheithiclí uathrialaitheacha amach anseo (SAFE-UP<sup>40</sup>) agus idirghabháil a dhéanamh idir tiomáint an duine agus tiomáint uathoibríthe (Mediator<sup>41</sup>).

I measc na dtionscadal a rinneadh le déanaí maidir le húsáid shábháilte bóithre tá measúnú sábháilteachta d'úsáideoirí bóithre i gceantair uirbeacha (PHOEBE<sup>42</sup>) agus bainistiú spáis uirbigh le haghaidh patrúin soghluaisteachta ghníomhacha

---

<sup>36</sup> Treoir 2004/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le híoscheanglais sábháilteachta do tholláin sa Ghréasáin bóithre tras-Eorpach.

<sup>37</sup> <https://evoroads-project.eu/>.

<sup>38</sup> <https://idriiving-project.eu/>.

<sup>39</sup> <https://soteriaproject.eu/>.

<sup>40</sup> <https://www.safe-up.eu/>.

<sup>41</sup> <https://mediatorproject.eu/>.

<sup>42</sup> <https://phoebe-project.eu/>.

(REALLOCATE<sup>43</sup>) agus bealaí chun alcól, drugaí agus tuirse a bhrath i measc tiománaithe tráchtála (PANACEA<sup>44</sup>).

Maidir le cúram iarthuairte tapa agus éifeachtach, díritear ar fhrithbhearta éifeachtúla agus bearta iarthuairte a fhorbairt do gach modh iompair de bhóthar, uirlisí leighis agus innealtóireachta (ProAct\_Us<sup>45</sup>) a nascadh agus measúnú a dhéanamh ar iarmhairtí fadtéarmacha tuairteanna tráchtála ar bhóithre (IMPROVA<sup>46</sup>).

#### **4.7. CUR CHUN FEIDHME NÁISIÚNTA GNÍOMHAÍOCHTAÍ SÁBHÁILTEACHTA AR BHÓITHRE**

Cé go bhfuil tionscnaimh thábhachtacha á saothrú ar leibhéal an Aontais ó thaobh reachtaíochta, cistithe, taighde agus for-rochtana de, is ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus bardasach atá an phríomhfhreagracht as sábháilteacht ar bhóithre.

Leagtar amach sna tuarascálacha tíre a fhoilsítear leis an tuarascáil seo an iliomad beart atá á ndéanamh ar an leibhéal náisiúnta. I bhformhór na gcásanna, tá na bearta sin bunaithe ar straitéisí ilbhliantúla, pleananna gníomhaíochta nó cláir ghníomhaíochta ar leibhéal an rialtais lena leagtar síos tosaíochtaí náisiúnta ar leith, lena leithdháiltear maoiniú agus lena leagtar síos spriocanna sonracha.

Is léir ó na tuarascálacha tíre sin gur éirigh go maith le gníomhaíocht leanúnach, infheistíocht agus tosaíocht a thabhairt don tsábháilteacht ar bhóithre in go leor cásanna. Mar shampla, cé go bhfuil dúshlán fós rompu, tá laghdú 33-35 % bainte amach ag an bPolainn, ag an Liotuáin agus ag an tSlóivéin araon ar bhásanna ar bhóithre in 2024 i gcomparáid le 2019, rud a fhágann go bhfuil siad ar an mbóthar ceart chun an sprioc maidir le laghdú 50 % a bhaint amach faoi 2030. Idir an dá linn, is airde i bhfad líon na mbásanna ar na bóithre i roinnt tíortha, lena n-áirítear an Bhulgáir, an Rómáin agus an Ghréig, ná meán an Aontais, rud a chuireann i dtábhacht an gá atá le tuilleadh gníomhaíochta sna Ballstáit sin. Cé gur tugadh isteach bearta nua beartais maidir le sábháilteacht ar bhóithre i roinnt tíortha in 2025, níl a dtionchar léirithe go fóill sna sonraí i dtaca le sábháilteacht ar bhóithre.


---

<sup>43</sup> <https://reallocatemobility.eu/>.

<sup>44</sup> <https://panacea-project.eu/>.

<sup>45</sup> <https://protact-us.eu/>.

<sup>46</sup> <https://improva-roadsafety.eu/>.



Fíor 5 Básanna ar bhóithre an Aontais in aghaidh an mhilliúin daonra 2019 – 2024. Foinsí: Bunachar sonraí Straitéis Cúraim AE maidir le tuairteanna bóthair; i gcás sonraí daonra, Eurostat (cód sonraí ar líne [demo\\_pjan](#))

D’fhéadfadh bearta rathúla a bheith éagsúil ag brath ar an gcomhthéacs náisiúnta. I measc na n-éachtaí suntasacha tá infheistíocht shaincheaptha i mbonneagar bóithre agus i sábháilteacht uirbeach ar bhóithre sa Pholainn; teorainn luais 30 km/u a chur chun feidhme i lárionaid uirbeacha ar fud na tíre sa Spáinn; líonra cuimsitheach ceamaraí tráchta uathoibríthe a leathadh amach sa Fhrainc; ardán polaitiúil náisiúnta nua um shábháilteacht ar bhóithre do gach leibhéal rialtais chónaidhme agus réigiúnaigh sa Bheilg; agus feachtais feasachta maidir le sábháilteacht ar bhóithre sa Danmhairg a bhfuil taighde maith déanta orthu agus atá curtha i gcrích go maith.

Is féidir teacht ar mhionsonraí phróifíle sábháilteachta ar bhóithre gach Ballstáit sna tuarascálacha tíre a fhoilsítear leis an teachtaireacht seo<sup>47</sup>.

<sup>47</sup> [https://road-safety.transport.ec.europa.eu/index\\_ga](https://road-safety.transport.ec.europa.eu/index_ga); <https://eur-lex.europa.eu/homepage.html>

## 5. TREOCHTAÍ SOCHAÍOCHA AGUS TEICNEOLAÍOCHA A BHFUIL TIONCHAR ACU AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Tá roinnt saincheisteanna nár tugadh mórán airde orthu nuair a glacadh Creat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 tagtha chun cinn ó shin mar réimsí ina n-éilítear gníomhaíocht spriocdhírthe chun a dtionchar ar shábháilteacht ar bhóithre a laghdú.

### 5.1. CLAOCHLUITHE DÉIMEAGRAFACHA

Tá athruithe suntasacha ag teacht ar struchtúr déimeagrafach an Aontais a bhfuil impleachtaí díreacha acu don tsábháilteacht ar bhóithre. Tá an daonra ag dul in aois, agus meastar go dtiocfaidh méadú ar sciar na saoránach atá 65 bliana d'aois nó níos sine ó 22 % in 2024 go 30 % faoi 2050<sup>48</sup>. Tá dúshlán ar leith ag baint leis an aistriú déimeagrafach sin, de réir mar a éiríonn úsáideoirí bóithre níos sine níos leochailí mar gheall ar leochaileacht fhisiciúil, agaí freagartha níos moille, agus rátaí déine díobhála níos airde<sup>49</sup>.

Tá an treocht i dtreo uirbiú níos mó fós ann, agus tá os cionn 75 % de dhaonra an Aontais ina gcónaí i gceantair uirbeacha anois<sup>50</sup>. Tá dinimic nua soghluaisteachta á cruthú ag an gcomhchruinniú daoine sin i suíomhanna foirgnithe, lena n-áirítear éagsúlacht níos mó modhanna soghluaisteachta, líon méadaithe coisithe agus rothaithe agus dlús tráchta níos airde.

### 5.2. DUL CHUN CINN TEICNEOLAÍOCH

Tá claochlú teicneolaíoch nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar siúl san earnáil mótarfheithiclí, claochlú a bhfuil impleachtaí suntasacha sábháilteachta aige. Tá ardchórais cúnta tiománaí (ACCT) ag teacht chun bheith ina ngnéithe caighdeánacha, agus tá tairbhí intomhaiste sábháilteachta ag baint le teicneolaíochtaí amhail coscánú éigeandála uathoibríoch, cúnaimh le fanacht i lána, agus cúnaimh cliste luais. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go nglacfaidh tiománaithe leis na gnéithe sin chun go n-éireoidh leo.

Le teicneolaíochtaí feithiclí nasctha, cumasaítear rabhaidh ghuaise fíor-ama agus barrfheabhsú na bainistíochta tráchta. Is féidir le cumarsáid ó fheithicil go feithicil (V2V) agus ó fheithicil go bonneagar tiománaithe a chur ar an eolas faoi dhálaí contúirteacha, suíomhanna timpistí agus bealaí is fearr. Tá a mbreisluach léirithe ag a n-imscaradh sna Ballstáit. Tá sé cruthaithe go sroicheann seirbhísí éigeandála a gcinn scríbe níos tapúla

---

<sup>48</sup> Foinse: Eurostat (cód sonraí ar líne [proj\\_23np](#) agus [demo\\_pjanbroad](#)), alt ábhartha maidir le Staidreamh Mínte: [https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Population\\_structure\\_and\\_ageing#Past\\_and\\_future\\_population\\_ageing\\_trends\\_in\\_the\\_EU](https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Population_structure_and_ageing#Past_and_future_population_ageing_trends_in_the_EU).

<sup>49</sup> Féach an tuarascáil théamach ar Sheanóirí ag [https://road-safety.transport.ec.europa.eu/european-road-safety-observatory/data-and-analysis/thematic-reports\\_ga](https://road-safety.transport.ec.europa.eu/european-road-safety-observatory/data-and-analysis/thematic-reports_ga) agus <https://etsc.eu/reducing-older-peoples-deaths-on-european-roads-pin-flash-45/>.

<sup>50</sup> Foinse: Eurostat (cód sonraí ar líne [cens\\_21urb01](#)), féach freisin: <https://ec.europa.eu/eurostat/web/degree-of-urbanisation/publications>.

agus níos sábháilte, agus tá faisnéis chruinn fíor-ama ag oibreoirí bóithre maidir le meánluasanna agus dlúis tráchta. Éiríonn an córas níos éifeachtaí nuair a chuirtear gach feithicil nua leis, ach níor baineadh cumhdach cuimsitheach ar fud an Aontais amach go fóill, go háirithe i gcás seirbhísí V2V.

Tá idir dheiseanna agus dhúshláin ag baint le feithiclí uathoibríthe a thabhairt isteach de réir a chéile. Cé gur léiríodh go laghdaíonn leibhéal níos airde uathoibríthe tionchar na hearráide daonna, beidh dúshláin nua ag baint leis an idirthréimhse amhail idirghníomhaíocht shábháilte a bhainistiú idir feithiclí uathrialaitheacha agus feithiclí faoi thionchar an duine i dtrácht measctha, sábháilteacht úsáideoirí bóithre gan inneall a áirithiú agus dliteanas a bhunú i leith imbhuailtí tráchta a bhaineann le feithiclí uathoibríthe.

### **5.3. PATRÚIN SOGHLUAISTEACHTA ATÁ AG TEACHT CHUN CINN**

Tá earnáil an iompair agus na soghluaisteachta á claochlú ag seirbhísí nua agus ag iompar athraitheach úsáideoirí bóithre. Le hiomadú na réiteach micrea-shoghluaisteachta amhail scútair leictreacha, rothair leictreacha, agus gléasanna gluaisteachta pearsanta eile, cruthaíodh catagóirí nua d'úsáideoirí soghonta bóithre; is minic a bhíonn ar na húsáideoirí sin spás sráide uirbeach gann a chomhroinnt le coisithe agus rothaithe.

Tá athrú tagtha ar phatrúin turais mar gheall ar sheirbhísí stoptha síbe agus comhroinnte carranna, rud a d'fhéadfadh ciliméadair feithiclí uirbeacha a mhéadú agus gníomhaíocht a dhíriú ar bhuaicthréimhsí.

Leathnaigh an geilleagar poistíneachta seirbhísí seachadta trí úsáid a bhaint as gluaisrothair agus rothair arna n-oibriú ag oibríthe a bhfuil brú ama agus srianta eacnamaíocha orthu a spreagann iompraíochtaí glactha riosca go minic<sup>51</sup>, agus tá méadú tagtha ar rioscaí sábháilteachta ar bhóithre mar gheall ar na cineálacha feithiclí a úsáideann tiománaithe seachadta, lena n-áirítear scútair leictreacha a allmhairítear go neamhdhleathach nó móipéidí neamhcheadaithe a sháraíonn na teorainneacha luais is infheidhme.

### **5.4. TIONCHAIR AN ATHRAITHE AERÁIDE**

Tá an t-athrú aeráide tagtha chun cinn mar thoisic shuntasach ach gannmheasta a dhéanann difear do shábháilteacht ar bhóithre. Tá teagmhais adhaimsire ag éirí níos minice agus níos déine, rud a chruthaíonn dálaí tiomána guaiseacha. Féadfaidh tonnta teasa a bheith ina gcúis le meath ar dhromchlaí bóthair agus tionchar a imirt ar fheidhmíocht an tiománaí, agus cruthaíonn minicíocht mhéadaithe stoirmeacha, tuilte agus seaca dálaí contúirteacha a éilíonn bonneagar oiriúnaitheach agus acmhainneachtaí freagartha éigeandála.

Bíonn tionchar ag teochtaí atá ag ardú ar fheidhmíocht feithiclí freisin, go háirithe ar fheidhmíocht feithiclí leictreacha, agus is féidir leo an riosca go gclisfeadh ar bhoinn a

---

<sup>51</sup> Féach: *The human cost of fast deliveries: A systematic literature review of occupational risks and safety outcomes in last-mile delivery workers* [An costas daonna a bhaineann le seachadtaí tapa: Athbhreithniú litríochta córasach ar rioscaí ceirde agus ar thorthaí sábháilteachta in oibríthe seachadta an mhíle deiridh] - <https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S2214140525001537>.

mhéadú. Cuireann éifeacht an oileáin teasa uirbhig leis na bagairtí sin i gcathracha, áit ar féidir le teochtaí dromchla teochtaí aeir chomhthimpeallaigh a shárú go mór.

## 5.5. CIBEARSHLÁNDÁIL AGUS ÚSÁID SONRAÍ

Mar thoradh ar an nascacht idir feithiclí a mhéadú, is ar éigean a aithníodh leochaileachtaí nua nuair a forbraíodh Creat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 den chéad uair. D'fhéadfadh bagairtí cibearshlándála ar fheithiclí nasctha agus uathoibríthe a bheith ina gcúis le tuairteanna, le córais sábháilteachta a dhíchumasú agus leis an bpríobháideachtas a chur i mbaol, a dtabharfar aghaidh uirthi freisin tríd an nGníomh um Chibear-Athléimneacht<sup>52</sup>.

Tá bailiú sonraí i bhfad níos forleithne le 5 bliana anuas ach níor athraíodh acmhainneacht na mórshonraí go léargais inúsáidte ar shábháilteacht ar bhóithre go fóill. Is annamh a roinntear sonraí infheithicle atá i seilbh monaróirí feithiclí, sonraí éilimh ar theagmhais atá i seilbh árachóirí agus sonraí teagmhais cúraim sláinte atá i seilbh ospidéal agus seirbhísí otharchairr chun críocha sábháilteachta ar bhóithre. Mar shampla, níl rochtain ar shonraí ó thaifeadáin sonraí leictreonacha feithicle ach amháin chun críocha taighde sonrach, amhail taighde ar imeachtaí sna soicindí roimh thimpiste shonrach ach ní chuirtear ar fáil iad i bhfoirm imdhealaithe chun cuidiú le ceapadh beartas.

## 6. NA HIARMHAIRTÍ EACNAMAÍOCHA A BHAINNEANN LE GAN AGHAIDH A THABHAIRT AR AN TSÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Cuireann tuairteanna bóthair ualach ollmhór sóisialta, eacnamaíoch agus sláinte ar gheilleagar an Aontais. Meastar gurb ionann na costais shocheacnamaíocha sheachtracha a bhaineann le gortuithe marfacha, tromchúiseacha agus mionghortuithe agus thart ar 2 % de OTI thíortha an Aontais<sup>53</sup>. Tá na costais sin fós ard d'ainneoin an dul chun cinn atá déanta maidir le minicíocht agus déine tuairteanna a laghdú. Dá laghdófaí líon na mbásanna ar na bóithre faoina leath faoi 2030 (i ndáil le 2019), sheachnófaí thart ar 11 000 bás agus chuideofaí le laghdú a dhéanamh ar thart ar 100 000 gortú tromchúiseach ar ár mbóithre gach bliain.

Is iad na **costais cúraim sláinte agus athshlánaithe** an tionchar eacnamaíoch is práinní agus is infheicthe. Cuireann na costais a bhaineann le seirbhísí leighis éigeandála, ospidéalú, athshlánú agus cúram fadtéarmach d'íospartaigh tuairte brú ar bhuiséid cúraim sláinte ar fud na mBallstát<sup>54</sup>. Thairis sin, tá laghdú ag teacht ar ráta na ngortuithe tromchúiseacha ar luas níos moille ná ráta na mbásanna. Cuireann na costais a bhaineann

---

<sup>52</sup> [Rialachán - 2024/2847 - GA - EUR-Lex](#)

<sup>53</sup> Lámhleabhar an Choimisiúin Eorpaigh maidir le costais sheachtracha an iompair 2019 (leagan nua le teacht).

<sup>54</sup> Féach: Staidéar chun tacú le measúnú ar chreat beartais an Aontais um shábháilteacht ar bhóithre 2021-2030 ag an meánphointe, arna fhoilsiú leis an tuarascáil seo <https://data.europa.eu/doi/10.2832/2974277>; <https://op.europa.eu/en/>

le déileáil le tionchair **mheabhairshláinte** ar mharthanóirí tuairte, ar theaghlaigh agus ar fhinnéithe ualach breise eacnamaíoch<sup>55</sup>.

**An táirgiúlacht agus an t-aschur eacnamaíoch a chailtear**, is iad sin an dara mórchuid de thionchar na dtuairteanna. Is ionann gach bás ar na bóithre agus na blianta fada de shaol atá cailte, sa bhaile agus ag an obair araon, agus is minic a bhíonn míchumas buan nó cumas laghdaithe chun oibre mar thoradh ar ghortuithe tromchúiseacha. Tá na cailteanais táirgiúlachta mar thoradh ar am oibre laghdaithe agus costais athsholáthair caipitil dhaonna, ach freisin mar thoradh ar na daoine aonair lena mbaineann gan a bheith in ann obair neamhíoctha a dhéanamh amhail timireacht tí nó obair dheonach.

Áirítear ar **chostais bhonneagair agus práinnfhreagartha** cur in úsáid seirbhísí éigeandála, bainistiú tráchta le linn imréiteach teagmhais, damáiste do mhaoin, agus deisiú nó athsholáthar feithiclí. Tá méadú ag teacht ar na costais dhíreacha sin de réir mar a éiríonn feithiclí agus bonneagar bóithre níos sofaisticiúla ó thaobh na teicneolaíochta de agus níos costasaí iad a dheisiú nó feithiclí nua a chur ina n-ionad.

Eascaíonn **costais riaracháin** as an gcostas a bhaineann le seirbhísí póilíneachta, dóiteáin agus seirbhísí éigeandála (neamhleighis) eile a imscaradh ar láthair na dtuairteanna. Tá costais bhreise ag baint le riar an cheartais freisin, amhail costais dlí, na costais a bhaineann le ciontóirí a ionchúiseamh agus na costais a bhaineann le cásanna dlí agus árachas.

Chomh maith leis na costais dhíreacha, gineann tuairteanna bóthair tionchair eacnamaíochta indíreacha shuntasacha. I measc na samplaí tá an t-am cailte agus an t-ídiú breosla méadaithe a ghintear leis an **blódú tráchta** arb iad tuairteanna is cúis leis.

## 7. RIACHTANAIS INFHEISTÍOCHTA

Chun leas a bhaint as an tairbhe eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le tuairteanna bóthair a chosc, is gá infheistíochtaí substaintiúla ach costéifeachtacha a dhéanamh. Tá gá le cistiú comhordaithe ar gach leibhéal rialtais chun feabhsuithe bonneagair, forfheidhmiú feabhsaithe, teicneolaíochtaí sábháilteachta feithiclí agus cláir oideachais a chur i bhfeidhm.

Mar sin féin, léirítear ó thaighde gur mó i bhfad an toradh eacnamaíoch ar na hinfeistíochtaí sin ná na costais, rud a fhágann go bhfuil feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre ar cheann de na bearta beartais phoiblí is costéifeachtaí atá ar fáil<sup>56</sup>. Tá an cás eacnamaíoch le haghaidh gníomhaíocht luathaithe um shábháilteacht ar bhóithre an-

<sup>55</sup> Mar shampla, rinne tionscadal IMPROVA, arna chistiú ag Fís Eorpach, athbhreithniú córasach ar bhreis agus 1 400 staidéar ar éifeachtaí síceolaíochta tuairteanna bóthair agus d'aimsigh sé raon iarmhairtí fadtéarmacha lena n-áirítear neamhoird a bhaineann le strus (amhail neamhord struis iarthrámaigh agus neamhoird choigeartaithe), neamhoird inní agus fóibí, neamhoird ghiúmar mothálach, (amhail dúlagar) agus neamhoird fheidhmiúla eile.

<sup>56</sup> Measadh i staidéar a rinne an Ísiltír le déanaí (<https://swov.nl/nl/publicatie/verkeersveiligheidseffecten-van-2e-tranchemaatregelen>) go raibh an cóimheas idir costais agus tairbhí in infheistíochtaí bonneagair bóthair náisiúnta idir 1:7 agus 1:2,5. I dtuarascáil níos sine ó Chomhdháil Stiúrtóirí Eorpacha na mBóithre, rinneadh achoimre ar na cóimheasa costais is tairbhe le haghaidh raon beart sábháilteachta ar bhóithre: [https://www.cedr.eu/download/Publications/2008/e\\_Road\\_Safety\\_Investments\\_Report.pdf](https://www.cedr.eu/download/Publications/2008/e_Road_Safety_Investments_Report.pdf).

láidir, agus is mó i bhfad na costais a bhaineann le neamhghníomhaíocht ná an infheistíocht is gá le haghaidh gníomhaíocht éifeachtach.

Ina thuarascáil speisialta 2024, thug CIE dá aire gur minic nach raibh sábháilteacht ar bhóithre ina príomhchritéar roghnúcháin do thionscadail bhonneagair arna gcomhchistiú ag an Aontas; is minic a tugadh neamhaird ar stráicí bóthair ina bhfuil rátaí arda tionóiscí sna critéir roghnúcháin. Mhol CIE tosaíocht níos soiléire ionas go ndíreofar iarrachtaí cistiúcháin amach anseo ar na bearta sin is dóichí a laghdóidh básanna agus gortuithe tromchúiseacha.

Chomh maith leis an ngá atá le hinfheistíocht i mbonneagar bóithre nua agus athdheartha, ní mór cistiú a chur i leataobh freisin chun an bonneagar bóithre sin a chothabháil. Ní hamháin go bhfuil níos mó feithiclí nua ar bhóithre an Aontais - ó bhí 2019 ann tá méadú beagnach 5 mhilliún gluaisteán paisinéirí agus os cionn 270 000 trucail ann<sup>57</sup> - ach tá tionchar an athraithe aeráide le feiceáil i minicíocht agus déine mhéadaithe na dtinte, na stoirmeacha agus na dtuilte, a bhfuil tionchar acu uile ar shláine agus ar shábháilteacht ar bhóithre. Breithniú eile is ea an gá méadaitheach atá le soghluaisteacht mhíleata agus ceanglais dé-úsáide a éascú ar fud an Aontais, rud a éilíonn uasghráduithe ar chodanna roghnaithe den bhonneagar bóithre (lena n-áirítear bóithre, droichid agus tolláin) chun stóinseacht struchtúrach agus athléimneacht oibríochtúil a áirithiú. Ba cheart uasghráduithe den sórt sin a dhearadh ionas nach gcruthófar scrogaill nua, agus chun feidhmiúlacht a choinneáil ar bun faoi ualaí méadaithe agus faoi dhálaí struis (e.g. sreabha feithiclí troma méadaithe, athródú a bhaineann le teagmhais).

Leis na tosca riosca bóthair agus na dúshláin a bhaineann leo, leagtar béim freisin ar an ngá leanúnach atá le hinfheistíocht a dhéanamh i gcumais bhraite agus forfheidhmithe maidir le tiomáint róghasta, tiomáint faoi thionchar an óil agus drugaí, seachmall, mainneachtain soilse dearga a bhreathnú agus crios sábhála a chaitheamh. Ní mór do na hinfheistíochtaí sin acmhainní leordhóthanacha a áirithiú do sheirbhísí póilíneachta chun seiceálacha cois bóthair a dhéanamh agus a riar agus ní mór dóibh tacú le córais uathoibríthe braite agus forfheidhmithe cheamara-bhunaithe.

Ba cheart feachtais éifeachtacha feasachta agus oideachais maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chistiú in éineacht leis an bhforfheidhmiú. Ní mór feachtais den sórt sin a chur in oiriúint do spriocphobail éagsúla (leanaí, déagóirí, tiománaithe faoi oiliúint agus tiománaithe nuacheadúnaithe, tiománaithe a bhfuil níos mó taithí acu agus úsáideoirí bóthair eile amhail daoine ag rothaíocht agus ag úsáid gléasanna gluaisteachta pearsanta) agus do ghrúpaí riosca éagsúla amhail fir óga, daoine scothaosta agus gluaisrothaithe. Is fearr a dhéantar iad ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, ach d'iarr údaráis na mBallstát ar an Aontas tacú le hullmhú agus cur i gcrích na bhfeachtais sin<sup>58</sup> agus malartú deachleachtais a éascú<sup>59</sup>.

---

<sup>57</sup> <https://www.acea.auto/publication/report-vehicles-on-european-roads-2025/>.

<sup>58</sup> Mar shampla, tá comhchistiú déanta ag an Aontas, trí Erasmus+, ar an gclár ‘*Knights for Road Safety*’ [‘Ridirí um Shábháilteacht ar Bhóithre’], clár oideachais maidir le sábháilteacht ar bhóithre do leanaí scoile.

<sup>59</sup> Is minic a chuirtear feachtais oideachais maidir le sábháilteacht ar bhóithre ar taispeáint ag Gradaim Bharr Feabhais bhliantúla an Aontais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre.

## 8. AN BEALACH CHUN CINN

Léirítear sa tuarascáil mheántearma seo an gá atá le gníomhaíocht luathaithe agus spriocdhírthe i réimsí éagsúla. Shainnithín an Coimisiún sraith tosaíochtaí do gach leibhéal ábhartha rialachais (AE agus náisiúnta), agus gníomhaíochtaí atá ann cheana nó gníomhaíochtaí nua á saothrú aige ar gá aird láithreach a thabhairt orthu, tiomantas marthanach agus cistiú tiomnaithe ó na páirtithe leasmhara uile.

### 8.1. DLÚS A CHUR LE FEABHSUITHE SÁBHÁILTEACHTA BONNEAGAIR AGUS CÓRAIS CHLISTE IOMPAIR A CHUR IN ÚSÁID

Mar gheall ar an dúshlán leanúnach chun básanna ar bhóithre agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú, tá gá le hinfheistíocht tosaíochta in uasghráduithe ar bhonneagar bóithre.

Tá treoraíocht á dréachtú ag an gCoimisiún faoi láthair d'údaráis atá freagrach as bonneagar bóithre maidir le dearadh 'cois bóthair atá maiteach', 'bóithre féinmhínteacha agus féin-fhorfheidhmithe' agus ceanglais cháilíochta le haghaidh bonneagar bóithre d'úsáideoirí soghonta bóithre. Foilseofar an treoraíocht sin in 2026.

Tugadh Rialachán TEN-T<sup>60</sup> cothrom le dáta in 2024 freisin chun ceanglais sábháilteachta nua don ghréasán Eorpach a chur san áireamh. Ní mór do phleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (PSUInna) aghaidh a thabhairt anois freisin ar shaincheisteanna sábháilteachta ar bhóithre agus ceanglaítear ar na Ballstáit sonraí a bhailiú maidir le sábháilteacht do gach nód uirbeach. Ní mór don phleanáil bonneagair freastal ar riachtanais oibríochtúla, lena n-áirítear sábháilteacht.

Geallann an Coimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit déileáil le saincheisteanna a shainnithnítear sna tuarascálacha tíre maidir le sábháilteacht ar bhóithre (a ghabhann leis an tuarascáil seo), lena n-áirítear nuair a shainnithneodh na Ballstáit an tacaíocht sin ina bpleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnacha le haghaidh infheistíochta agus athchóirithe don tréimhse mhaoiniúcháin 2028-2034;
- infheistíochtaí sa bhonneagar bóithre san Aontas a dhéanamh coinníollach ar ghnéithe den tsábháilteacht ar bhóithre a áireamh sna stráicí bóthair sin a bhfuil an acmhainneacht is mó acu chun sábháilteacht a fheabhsú<sup>61</sup> agus inar féidir le gníomhaíocht spriocdhírthe an feabhas is mó a bhaint amach<sup>62</sup>, lena n-áirítear d'úsáideoirí soghonta bóithre;

<sup>60</sup> Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013.

<sup>61</sup> Bunaithe ar an Treoir maidir le RISM, Airteagal 5, Airteagal 6(a) agus 6(d), lena mbunaítear léarscáil an Aontais de rátáil riosca na mbóithre lena gcuimhdaítear Gréasán Bóithre TEN-T, gach mótarbhealach, gach príomhbhóthar lena nasctar cathracha nó réigiúin mhóra agus gach bóthar idiruirbeach arna mhaoiniú ag an Aontas.

<sup>62</sup> Ba cheart tosaíocht a thabhairt do na stráicí bóthair is achrannaí a shainnithnítear sa 'Network Wide Road Safety Assessment - [Methodology and Implementation Handbook](#)' [Mheasúnú ar Shábháilteacht ar Bhóithre ar fud an Ghréasáin - Lámhleabhar Modheolaíochta agus Cur Chun Feidhme] (an

- tacú leis na Ballstáit treoraíocht 2026 atá le teacht a chur chun feidhme ina n-infheistíochtaí bóthair maidir le dearadh cois bóthair ‘a thugann maithiúnas’, bóithre inléite agus féin-fhorfheidhmithe agus bonneagar d’úsáideoirí soghonta bóithre;
- tacú leis na Ballstáit ceanglais maidir le sábháilteacht ar bhóithre, athléimneacht agus inoibritheacht a ionchorprú i gcothabháil bóithre agus i dtionscadail uasghrádaithe a dhéantar chun soghluaisteacht mhíleata nó dé-úsáid a éascú, go háirithe iad siúd lena dtugtar aghaidh ar scrogaill amhail droichid agus tolláin, lena n-áirítear trí threoir maidir le dearadh; chuige sin, ba cheart na nósanna imeachta um shábháilteacht ar bhóithre a leagtar amach i dTreoir 2008/96/CE a mheas le haghaidh na stráicí bóthair atá lasmuigh dá raon feidhme ach atá ábhartha don tsoghluaisteacht mhíleata;
- tacú le raon níos leithne d’fhaisnéis íosta uilíoch tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a sholáthar saor in aisce d’úsáideoirí, lena bhféadfaí teagmhais amhail ‘deireadh na scuaine’ nó ‘tá feithiclí éigeandála ag teacht’ ar fud gréasán geografach leathnaithe a áireamh; chuige sin, tá sé beartaithe athbheithniú a dhéanamh ar na sonraíochtaí teicniúla atá ann faoi láthair<sup>63</sup> faoin Treoir maidir le Córais Chliste Iompair (CIC)<sup>64</sup>;
- tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Ballstáit maidir le bainistíocht tráchta fheabhsaithe agus réitigh forfheidhmithe chliste a chur i bhfeidhm<sup>65</sup>;
- breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun glacadh breise córas iompair cliste comhoibritheach (CIC-C) a chur chun cinn, lena n-áirítear trí shonraíochtaí teicniúla;
- treoir dhoiciméad a eisiúint do na Ballstáit maidir le leanúnachas na seirbhíse eCall le haghaidh feithiclí a bhfuil feistí eCall 2G/3G orthu, lena n-áirítear maidir le huirlisí rialála a d’fhéadfadh a bheith ann ar an leibhéal náisiúnta chun líonra ciorcadlasctha amháin ar a laghad a choinneáil ar bun go dtí 2030.

## 8.2. FORFHEIDHMIÚ AGUS DÍSPREAGADH A NEARTÚ

Braitheann éifeachtacht na mbeart sábháilteachta ar bhóithre go criticiúil ar fhorfheidhmiú comhsheasmhach agus infheicthe.

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit straitéisí láidre forfheidhmithe a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin leanúnacha a bhaineann le tiomáint róghasta, tiomáint faoi thionchar an óil, agus seachmall trí dhea-

---

Coimisiún Eorpach, 2023), nó i gcomhréir leis na modheolaíochtaí náisiúnta a chomhlíonann Airteagal 5 de Threoir 2008/96/CE (an Treoir maidir le RISM).

<sup>63</sup> Rialachán Tarmlichte (AE) Uimh. 886/2013 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí agus nósanna imeachta chun faisnéis íosta tráchta uilíoch a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a sholáthar, i gcás inar féidir, saor in aisce d’úsáideoirí.

<sup>64</sup> [Treoir \(AE\) 2023/2661 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Treoir 2010/40/AE maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair.](#)

<sup>65</sup> [https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/urban-transport/expert-group-urban-mobility\\_ga](https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/urban-transport/expert-group-urban-mobility_ga)

chleachtas a chomhroinnt trí thionscnaimh agus trí ghrúpaí amhail an Grúpa Ardleibhéil um Shábháilteacht ar Bhóithre, an clár Malartaithe Sábháilteachta ar Bhóithre, an Chairt Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre agus sainghrúpa CARE. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí forfheidhmithe uathobrithe, agus taighde fianaise-bhunaithe a sholáthar maidir le cineálacha cur chuige rathúla;

- leanúint de chomhar éifeachtach a chumasú idir údaráis cheadúnais tiomána agus údaráis chlárúcháin feithiclí, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as uirlisí TF amhail MOVE-HUB;
- cúnamh frithpháirteach i bhforfheidhmiú cionta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a dhéanamh níos éifeachtaí le nósanna imeachta atá sainithe ar bhealach níos fearr agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil chuige sin;
- treoir a eisiúint do na Ballstáit maidir le bainistiú luais.

### 8.3. TEICNEOLAÍOCHTAÍ SÁBHÁILTEACHTA FEITHICLÍ A CHUR CHUN CINN

Ag tógáil ar na scórtha bliana de rialachán maidir le sábháilteacht feithiclí, agus an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Feithiclí ar an gceann is déanaí<sup>66</sup>, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- oibriú chun dlús a chur le himscaradh ardchóras sábháilteachta agus chun tacú leis an aistriú chuig feithiclí nasctha agus uathobrithe;
- meastóireacht a dhéanamh ar bhearta sábháilteachta an Rialacháin maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Feithiclí in 2027.

Ina theannta sin, tá cruthú binsí tástála trasteorann á éascú ag an gCoimisiún, rud a chumasaíonn réamh-imscaradh mórsála feithiclí uathrialaitheacha le haghaidh iompar paisinéirí agus earraí araon faoi scéim cheadaithe trasteorann aonair. Ba cheart na binsí tástála sin a bheith ina gcuidiú le hullmhacht an mhargaidh agus le tráchtálú feithiclí uathrialaitheacha agus ba cheart gnéithe a shainaitheint leo a bhféadfadh sé gur ghá iad a mhionchoigeartú chun críoch sábháilteachta. Cuirfidh an tionscnamh seo ar chumas na mBallstát bonneagar nasctha a chur i bhfeidhm a thuilleadh (lena n-áirítear córais iompair chliste chomhoibritheacha iompair (CIC-C)) chun sonraí a chomhroinnt níos tapúla ar fud feithiclí agus bonneagair, rud a chuirfidh tuilleadh feabhais ar shábháilteacht ar bhóithre.

### 8.4. CINEÁLACHA NUA SOGHLUAISTEACHTA

Ag tógáil ar staidéar<sup>67</sup> lena scrúdaítear na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le gléasanna gluaiستهachta pearsanta a rialáil, geallann an Coimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

---

<sup>66</sup> Rialachán (AE) 2019/2144

<sup>67</sup> *Study on the need of harmonised rules to support the rise of micro mobility and increased road safety for personal mobility devices - Final report (1.0)* [Staidéar ar an ngá atá le rialacha comhchuibhithe chun tacú le méadú na micrea-ghluaiستهachta agus leis an tsábháilteacht mhéadaithe ar bhóithre le haghaidh gléasanna gluaiستهachta pearsanta] - Tuarascáil chríochnaitheach (1.0), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024 <https://data.europa.eu/doi/10.2873/8572224>.

- Teacht ar chonclúidí maidir leis na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le sonraíochtaí teicniúla ghléasanna gluaisteachta pearsanta a chomhchuihbhiú<sup>68</sup>.
- Treoir a ullmhú do na Ballstáit agus do riaracháin réigiúnacha agus áitiúla maidir leis na saincheistanna ba cheart a chur san áireamh chun sábháilteacht rothaithe agus úsáideoirí bóthair eile a áirithiú agus gléasanna gluaisteachta pearsanta á n-úsáid; cuirfidh sé sin leis an treoraíocht a leagtar amach i dTreoir Théamach PSUI 2021 maidir le hÚsáid Shábháilte na Micrea-shoghluaisteachta<sup>69</sup>.

## 8.5. TIONSCNAIMH TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHTA

Leis an gclár Fís Eorpach 2021-2027 atá ann faoi láthair, leanfar de thús áite a thabhairt do thaighde agus nuálaíocht maidir le sábháilteacht ar bhóithre, agus béim ar leith á leagan ar dhúshlán atá ag teacht chun cinn a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu. I measc na réimsí taighde tosaíochta tá sábháilteacht ar bhóithre agus athléimneacht ar bhóithre i gceantair thuaithe, sábháilteacht úsáideoirí soghonta bóithre amhail coisithe, rothaithe agus úsáideoirí feistí micrea-shoghluaisteachta, agus úsáid na hintleachta saorga agus mórshonraí chun tuairteanna bóthair a thuar agus a sheachaint.

Tacóidh an Coimisiún freisin leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí sábháilteachta feithiclí, lena n-áirítear comhéadain dhaonna/teicneolaíochta i gcórais feithiclí. Spreagfaidh sé a thuilleadh comhair idir monaróirí gluaisteán, cuideachtaí teicneolaíochta agus institiúidí taighde tríd an gcomhpháirtíocht Eorpach um shoghluaisteacht nasctha, chomhoibríoch agus uathoibríche (Comhpháirtíocht Eorpach um CCSC).

## 8.6. OIDEACHAS AGUS MÚSCAILT FEASACHTA

Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do mhalartuithe dea-chleachtas maidir le hoideachas sábháilteachta ar bhóithre agus múscailt feasachta, go háirithe trí Chairt an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre<sup>70</sup>, trí Mhalartú Sábháilteachta ar Bhóithre an Aontais agus trína chomhdhálacha débhlantúla.

Féachfaidh an Coimisiún freisin le hoideachas maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus múscailt feasachta maidir le sábháilteacht ar bhóithre a leabú in ionstraimí cistiúcháin agus for-rochtana eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear in Erasmus+ agus nuair a shainnithneoidh na Ballstáit iad ina bpleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnacha don tréimhse mhaoiniúcháin 2028-2034, go háirithe i ndáil le soghluaisteacht uirbeach agus tuaithe.

<sup>68</sup> Mar a d'iarr na hairí iompair ag cruinniú na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh i mí na Nollag 2025.

<sup>69</sup> [https://urban-mobility-observatory.transport.ec.europa.eu/sustainable-urban-mobility-plans/expert-corner-sump-reference-materials\\_ga](https://urban-mobility-observatory.transport.ec.europa.eu/sustainable-urban-mobility-plans/expert-corner-sump-reference-materials_ga).

<sup>70</sup> <https://road-safety-charter.ec.europa.eu/>.

## 8.7. RÓL NA HEARNÁLA PRÍOBHÁIDÍ AGUS NA BHFOSTÓIRÍ SA TSÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Iarrfaidh an Coimisiún ar fhóistoirí san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon beartais chorparáideacha a ghlacadh lena dtabharfar tús áite don tsábháilteacht in oibríochtaí gnó. D'fhéadfaí iad sin a mhúnlú ar na moltaí ón sainghrúpa acadúil chuig an 4ú Comhdháil Aireachta Dhomhanda maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre<sup>71</sup> a bhí ar siúl in Marrakech, Maracó, i mí Aibreáin 2025.

Áirítear ar na moltaí sin a áirithiú go mbeidh gnéithe den tsábháilteacht ar bhóithre i rialacháin agus i gcleachtais sábháilteachta san ionad oibre, agus go mbeidh údarais agus eagraíochtaí rialtais ar thús cadhnaíochta. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí chultúr sábháilteachta tras-eagraíochta a chur chun feidhme agus trí chórais bainistíochta sábháilteachta amhail ISO 45001 nó ISO 39001 a chur i bhfeidhm.

Tá róil ríthábhachtacha ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear grúpaí abhcóideachta um shábháilteacht ar bhóithre, eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh agus comhlachais ghairmiúla, maidir le feasacht an phobail a chothabháil, tacú le forbairt beartais, agus seirbhísí a chur ar fáil d'íospartaigh agus dá dteaghlaigh.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag éileamh rannpháirtíocht den sórt sin ón earnáil phríobháideach agus ón tríú hearnáil maidir le sábháilteacht ar bhóithre, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas: a chomhdhálacha débhlíantúla, Cairt an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Gradaim Bharr Feabhais bhliantúla an Aontais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre<sup>72</sup>.

## 8.8. FAIREACHÁN AGUS CUNTASACHT

Leanfaidh an Coimisiún de shásraí faireacháin agus cuntasachta a chur ar fáil do chleachtóirí sábháilteachta ar bhóithre chun dul chun cinn a spreagadh i dtreo spriocanna 2030 agus, ar deireadh, chun Fís Nialais a bhaint amach faoi 2050. Bainfear é sin amach trí bhíthin na nithe seo a leanas:

- an bunachar sonraí CARE agus an grúpa saineolaithe chun sonraí maidir le básanna agus gortuithe ar bhóithre a bhailiú trí úsáid a bhaint as uirlisí tuairiscithe caighdeánaithe, agus trí obair a dhéanamh leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí a bhailítear maidir le gortuithe tromchúiseacha agus maidir le sonraí a dhí-chomhiomlánú le haghaidh cineálacha áirithe feithiclí;
- an Fhaireachlann Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre<sup>73</sup> agus foilsiú sonraí iontaofa agus inchomparáide maidir le tuairteanna bóthair agus mionanailís agus faisnéis maidir le treochtaí, cleachtais agus beartais sábháilteachta ar bhóithre san Aontas.

<sup>71</sup> *Saving Lives Beyond 2025: Taking Further Steps* [Beatha daoine a shábháil tar éis 2025: Céimeanna Breise le Glacadh]: *Recommendations of the Academic Expert Group for the 4th Global Ministerial Conference on Road Safety* [Moltaí ón nGrúpa Saineolaithe Acadúil don 4ú Comhdháil Aireachta Dhomhanda maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre, Riarachán Iompair na Sualainne] 2025.

<sup>72</sup> <https://road-safety-charter.ec.europa.eu/content/excellence-road-safety-awards>.

<sup>73</sup> [https://road-safety.transport.ec.europa.eu/european-road-safety-observatory\\_ga](https://road-safety.transport.ec.europa.eu/european-road-safety-observatory_ga).

## 8.9. AGHAIDH A THABHAIRT AR SHAINCHEISTEANNA RIALACHAIS

Meastar go dtiocfaidh tuilleadh feabhsuithe as malartuithe leanúnacha dea-chleachtais i measc na mBallstát agus as obair leantach iomchuí ar shaincheisteanna a ardaítear tríd an nGrúpa Ardleibhéil um Shábháilteacht ar Bhóithre, arna éascú ag an gCoimisiún.

Is féidir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua trí chineálcheadú, trí bhearta náisiúnta nó trí reachtaíocht an Aontais. Braitheann tógáil bonneagair níos fearr den chuid is mó ar chistiú náisiúnta agus ní mór don tsábháilteacht ar bhóithre dul in iomaíocht le tosaíochtaí polaitiúla náisiúnta eile. Leanfaidh an t-oideachas agus an forfheidhmiú de bheith ina bhfreagracht náisiúnta, faoi réir leithdháileadh acmhainní agus toil pholaitiúil. Agus pacáiste reachtach an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre<sup>74</sup> tagtha i bhfeidhm le déanaí agus faoi réir thoradh na dtograí ródacmhainneachta, tugadh bearta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a thagann faoi inniúlacht an Aontais cothrom le dáta. Ar an iomlán, is dócha go mbeidh an dul chun cinn seasta, ach incriminteach agus go mbeidh sé ag brath go mór ar thoil pholaitiúil.

Ag an am céanna, níor cuireadh éiceachóras páirtithe leasmhara an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre ar bun chun leas a bhaint as na tairbhí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le sábháilteacht ar bhóithre a ghealltar leis an dul chun cinn i dteicneolaíochtaí uathoibríthe feithiclí. Cé go sainaithnítear an réimse sin sa phlean gníomhaíochta um mótarfeithiclí<sup>75</sup> mar chuid ríthábhachtach de chlár oibre iomaíochais an Aontais amach anseo, tá an creat institiúideach seachas trialacha fós le cur ar bun. Tá acmhainneacht shuntasach ann, áfach, go ndéanfaí struchtúir den sórt sin a chistiú den chuid is mó trí mhuirir úsáideora.

Agus machnamh á dhéanamh ar shaincheisteanna rialachais, ba cheart riachtanais na gconairí agus na nód straitéiseacha trasteorann a mheas, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil feidhmeanna dé-úsáide acu. Áirítear leis sin comhleanúnachas a áirithiú idir sábháilteacht ar bhóithre, cur chun feidhme TEN-T, breithnithe cibearshlándála agus athléimneachta.

Geallann an Coimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tionscadail fothaithe acmhainneachta agus malartuithe dea-chleachtais maidir le sábháilteacht ar bhóithre a leathnú idir údaráis ar gach leibhéal rialtais;
- aiseolas níos struchtúrtha a sholáthar do na Ballstáit maidir le hábhair inní chomhroinnte a chuir siad in iúl sa Ghrúpa Ardleibhéil um Shábháilteacht ar Bhóithre;
- machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le hathruithe a dhéanamh ar struchtúir rialachais an Aontais maidir le feithiclí nasctha agus uathoibríthe a thabhairt isteach go sábháilte.

<sup>74</sup> Bhí trí threoir i gceist leis sin: [Treoir \(AE\) 2025/2205 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2025 maidir le ceadúnais tiomána](#); [Treoir \(AE\) 2025/2206 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Treoir \(AE\) 2025/2205 a mhéid a bhaineann le dícháiliúcháin tiomána áirithe](#); [Treoir \(AE\) 2024/3237 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 lena leasaítear Treoir \(AE\) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre](#).

<sup>75</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluasteán Eorpach, COM/2025/95 final an 5 Márta 2025, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex:52025DC0095>.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a áirithiú go bhfuil rialachas agus struchtúir agus eintitis dhea-fheidhmiúla maidir le sábháilteacht ar bhóithre i bhfeidhm acu;
- cistiú leordhóthanach a leithdháileadh ar chláir shábháilteachta;
- gealltanais a thabhairt faireachán agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Iarrann an Coimisiún ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cuir chuige chuimsitheacha a ghlacadh maidir le sábháilteacht ar bhóithre lena gcomhtháthaítear sábháilteacht i bpleanáil úsáide talún agus iompair;
- straitéisí bainistithe luais a chur chun feidhme;
- bonneagar leordhóthanach a sholáthar d'úsáideoirí soghonta bóithre;
- cumais phráinnfhreagartha a fhorbairt.

## 9. CONCLÚID

Leis an athbhreithniú sin ar chur chun feidhme Chreat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030, léirítear réaltacht thar na bearta: cé go bhfuil dul chun cinn déanta, ní leor an luas feabhais i roinnt mhaith Ballstát chun sprioc an Aontais do 2030 a bhaint amach. Ach tá roinnt torthaí dearfacha ag baint leis an athbhreithniú freisin: tarraingíonn sé aird ar roinnt beart éifeachtach a d'fhéadfaí a mhacasamhlú nó a mhéadú agus tuairiscíonn sé ar theicneolaíochtaí agus modhanna nua a thabhairt isteach a bhfuil gealladh fúthu lena féidir sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Thairis sin, tógann roinnt gníomhaíochtaí agus infheistíochtaí am chun tionchar a imirt agus ní léirítear iad láithreach sna sonraí maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Tá sé tábhachtach go leanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit de gníomhaíochtaí a dhéanamh chun éifeachtaí dearfacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon a bhaint amach.

Léiríonn na torthaí a bhfuil achoimre orthu sa tuarascáil seo an méid is féidir a bhaint amach nuair a chuireann gníomhaithe ar gach leibhéal - ó dhaoine aonair go struchtúir rialaithe ar leibhéal an Aontais - le cur chuige an Chórais Shábháilte, laistigh dá réimsí freagrachta. Ach mar gheall ar an moilliú ar an dul chun cinn i dtreo Fís Nialais - i gcomhthéacs fás méadaithe tráchta agus treochtaí nua sochaíocha agus teicneolaíocha - tá amhras ann an bhfuil an 'bosca uirlisí' sábháilteachta ar bhóithre atá ann faoi láthair oiriúnach don todhchaí.

Léirítear san anailís go bhfuil dúshlán sábháilteachta ar bhóithre ag éirí níos casta, faoi thionchar an athraithe dhéimeagrafaigh, an chlaochlaithe theicneolaíoch, an athraithe aeráide agus patrúin shoghluaisteacha atá ag athrú nach rabhthas ag súil leo go hiomlán nuair a forbraíodh Creat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030.

Léirítear sa tuarascáil freisin, áfach, go bhfuil deiseanna suntasacha ann dul chun cinn a dhéanamh. Le dul chun cinn teicneolaíoch maidir le sábháilteacht feithiclí, feasacht mhéadaitheach ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le hinfeistíochtaí sa tsábháilteacht, agus fócas polaitiúil méadaitheach ar shoghluaisteacht inbhuanaithe, cruthaítear dálaí fabhracha chun dlús a chur le gníomh.

Is é an rud is tábhachtaí leas a bhaint as na deiseanna sin trí iarrachtaí comhordaithe marthanacha a bhfuil na hacmhainní cuí acu ar fud an Aontais agus laistigh de na Ballstáit ar gach leibhéal rialtais agus sochaí. Gineann infheistíochtaí i sábháilteacht ar bhóithre torthaí suntasacha, ní hamháin i bhfoirm costais sheachanta ach freisin i gcáilíocht saoil agus táirgiúlacht eacnamaíoch fheabhsaithe. Tá an argóint ar son na gníomhaíochta an-láidir ó thaobh na sochaí agus an gheilleagair de araon.

Beidh an rath ag brath ar thiomantas polaitiúil athnuaithe, cistiú leordhóthanach, comhar níos fearr idir páirtithe leasmhara, agus toilteanas cineálacha cur chuige nuálacha a ghlacadh maidir le dúshlán leanúnacha. Tá an Coimisiún réidh chun tacú leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara san iarracht chriticiúil sin, agus é á chur san áireamh aige go mbeidh gá le gníomhaíocht chomhchoiteann agus freagracht chomhroinnte chun Fís Nialais a bhaint amach.

Leis an mbeatha is féidir a shábháil, na gortuithe is féidir a chosc, agus na tairbhí eacnamaíocha is féidir a bhuanach, tugtar údar leis na hiarrachtaí leanúnacha a bheidh ag teastáil chun cuspóirí sábháilteachta ar bhóithre an Aontais a bhaint amach.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara uile glacadh go práinneach leis an dúshlán todhchaí a chruthú ina mbeidh an tAontas ag bogadh chomh gar agus is féidir go nialas maidir le líon na mbásanna in iompar de bhóthar agus an tsoghluaisteacht a bheith inbhuanaithe agus sábháilte. Gan tiomantas, infheistíocht agus gníomhaíocht athnuaithe sna Ballstáit uile agus ar leibhéal an Aontais, ní bheidh san iarracht sin chun beatha daoine a shábháil ar ár mbóithre ach mianaidhm.